

ANTOINE DE SAINT-EXUPÉRY

An Prionsa Beag

Arna aistriú go Gaeilge ag Breandán Ó Doibhlin

CCB
1306





AN PRIONSA BEAG

Arna aistriú go Gaeilge ag Breandán Ó Doibhlin

ANTOINE DE SAINT-EXUPÉRY

LAGAN PRESS
BÉAL FEIRSTE
1997

1007684

Buíochas

Ba mhaith leis na foilsitheoirí buíochas a ghabháil le Gallimard na Fraince; Marie Françoise Connolly, Alliance Française, Baile Átha Cliath agus le hOllscoil Mhá Nuad, as a gcuidiú i bhfoilsíú an leabhair seo.

Arna fhoilsiú ag
Lagan Press
7 Lower Crescent Béal Feirste BT7 1NR

Eagarthóir Ginearálta: Pól Ó Muirí

Faigheann Preas an Lagáin cuidiú ó Bhord na Leabhar Gaeilge

© Antoine de Saint-Exupéry, 1997

© aistriúchán Breandán Ó Doibhlin, 1997

Deimhnítear Ceart Morálta an Údair.

ISBN: 1 873687 33 8

Údar: Antoine de Saint-Exupéry

Teideal: An Prionsa Beag

Formáid: Bogchlúdach

1997

Arna chlóbhualadh ag Noel Murphy, Béal Feirste

AN PRIONSA BEAG


I



Nuair a bhí mé sé bliana d'aois, chonaic mé, uair amháin, pictiúr iontach i leabhar i dtaobh na foraoise darbh ainm "Scéalta fíora." Séard a bhí ann nathair den chineál a dtugtar boa uirthi agus ainmhí á shlogadh aici. Sin cóip den pictiúr sin thuas.


Dúradh sa leabhar: "Slogann na nathracha bóa a gcreach d'aon ailp amháin, gan í a chogaint. Ina dhiaidh sin ní féidir leo bogadh agus caitheann siad sé mhí ina gcodladh agus í á díleá acu."

Chuir sin ag machnamh mé ar na heachtraí a tharlaíonn sa dufair agus d'éirigh liomsa chomh maith mo chéad pictiúr a tharraingt, le pionsail daite. Mo pictiúr uimhir a haon. Seo mar a bhí sé:



Thaispeáin mé an sárshaothar seo liom do na daoine móra agus d'fhiafraigh mé díbh ar chuir mo phictiúr eagla orthu.

D'fhreagair siad: "Cén fáth a gcuirfeadh hata eagla orm?" Ní hata a bhí i mo phictiúr. Pictiúr ab ea é de nathair boa agus eilifint á díleá aici. Mar sin rinne mé pictiúr den taobh istigh de nathair boa, sa chaoi go bhféadfadh na daoine móra é a thuiscint. Bíonn míniú de dhíth orthu i gcónaí. Seo mar a bhí mo phictiúr uimhir a dó:



Dúirt na daoine móra na pictiúir de nathracha boa, ar oscailt nó dúnta, a fhágáil i leataobh, agus luí isteach ina áit sin le mo cheachtanna tíreolais, stair, uimhríochta agus gramadaí. Sin mar a tharla gur thug mé suas do shaol breá péintéora, agus gan mé ach sé bliana d'aois. Chuir sé beaguchtach orm an chaoi ar theip ar no phictiúr uimhir a haon agus mo phictiúr uimhir a dó. Ní thuigeann na daoine móra rud ar bith uathu féin in am ar bith, agus tá sé tuirsiúil ag páistí bheith i gcónaí ag míniú rudaí dóibh.

Mar sin, bhí orm ceird eile a tharraingt orm féin agus

d'fhoghlaim mé le bheith i mo pháilóta eitleáin. D'eitíl mé ar fud an domhain mhóir. Agus ceart go leor, ba mhór an cuidiú dom an tíreolas. Bhí mé in ann, d'aon amharc amháin, an tSín a aithint ó Arizona. Tá sé sin an-úsáideach, má théann tú ar seachrán san oíche.

Sa dóigh sin, ba mhinic mé ag plé i rith mo shaoil le daoine tromchúiseacha. Chaith mé cuid mhór de mo shaol i measc daoine móra. Chonaic mé iad agus mé i ngar dóibh. Níorbh fhearrde sin an bharúil a bhí agam díobh.

Nuair a chasainn le duine acu a shíl mé a raibh beagán tuigbheála aige, thriailinn air an pictiúr uimhir a haon sin agam, mar choinnigh mé agam riamh é. Theastaigh uaim a fháil amach ar thuig sé dáiríre. Ach deireadh sé liom i gcónaí: "Is hata é." Níor luaigh mé nathracha boa leis mar sin, ná foraoiseacha anaithnide ná réaltaí. Labhair mé leis fá dtaobh de bheiriste, de ghalf, de pholaitíocht agus de charbhait. Agus bhíodh an duine mór sin thar a bheith sásta gur chas sé le duine chomh ciallmhar liom féin.

II

Chaith mé mo shaol i m'aonar mar sin, gan duine ar bith agam le mo chaint a dhéanamh leis dáiríre, go dtí an lá a tháinig mé anuas i ngaineamhlach an tSahára. Rud éigin a bhris in inneall m'eitleáin. Agus ó tharla nach raibh meicneoir liom, ná paisinéirí, thug mé faoin rud a chóiriú ar mo chonlán féin, cé go raibh sé deacair. Ceist beatha nó báis a bhí ann dom. Is ar éigean a bhí a oiread uisce agam agus a choinneodh ag ól mé go ceann ocht lá.

An chéad oíche mar sin chuaigh mé a chodladh ar an ghaineamh míle míle ar shiúl ó chónaí daonna. Bhí mé chomh scartha amach

le duine ar briseadh a long agus é ar rafta i lár na farraige móire. Samhlaigí daoibh féin mar sin an t-ionadh a bhí orm, ag breacadh an lae, nuair a mhúscail glór beag aisteach mé. Séard a dúirt sé...

- Le do thoil, déan pictiúr de chaora dom!

- Cad é?

- Déan pictiúr de chaora dom...

Léim mé i mo sheasamh mar a bhuailfí le splanc tintrí mé. Chuimil mé mo shúile go maith. Bhreathnaigh mé go maith. Agus chonaic mé firín beag saothiuil amach agus amach agus é ag amharc orm go stuama. Seo thall an phortráid is fearr dár éirigh liom a dhéanamh de, níos moille. Ach ar ndóigh níl mo phictiúr baol ar bheith chomh hálainn leis féin. Ní ormsa atá an locht. Chuir na daoine móra beaguchtach orm maidir le bheith i mo phéintéir, nuair a bhí mé sé bliana d'aois, agus níor fhoghlaim mé le haon rud a líniú, seachas boanna dúnta agus boanna oscailte.

Mar sin, d'amharc mé ar an bhfís seo romham agus mo dhá shúil ar bior le hiontas. Ná déanaigí dearmad go raibh mé míle míle ar shiúl ó aon chónaí daoine. Ina dhiaidh sin, níor amharc an firín seo agam mar a bheadh sé ar seachrán, ná marbh tuirseach, ná stiúgtha leis an ocras, ná spalptha le tart, ná eagla a chraicinn bheith air. Ní raibh cuma dá laghad air gur páiste é a bhí cailte sa bhfásach, míle míle ó aon chónaí daoine. Nuair a tháinig an chaint chugam ar deireadh, arsa mise leis:

- Ach...cad atá ar siúl agat anseo?

Agus ar seisean liom arís, go bog íseal, mar a bheadh sé an-dáiríre faoin rud:

- Le do thoil, déan pictiúr de chaora dom...

Nuair a bhíonn cúrsaí chomh diamhrach sin, ní bheadh sé de dhánaíocht ionat gan rud a dhéanamh air. Cuma cé chomh hamaideach agus a bhí sé, dar liom míle míle ar shiúl ó aon chónaí daoine agus mé i mbaol báis, tharraing mé amach as mo phóca duille pháipéir agus peann easa.



AN PRIONSA BEAG

Ach ansin chuimhnigh mé gurb iad na rudaí is mó a bhí foghlamtha agam tíreolas, stair, uimhríocht agus gramadach agus dúirt mé leis an bhfirín beag (agus beagán drochspionn orm) nach raibh mé in ann líníocht a dhéanamh. D'fhreagair sé:

- Is cuma sin. Déan pictiúr de

chaora dom.

Ó tharla nach ndearna mé pictiúr de chaora riamh, tharraing mé arís ceann den dá phictiúr a bhí ar mo chumas. An boa dúnta. Agus bhí mo sháith iontais orm nuair a thug an firín seo de fhreagra orm:

- Ní hea! Ní hea! Ní eilifint taobh istigh de bhó atá de dhíth orm. Bíonn boa an-dainséarach agus tá an eilifint an-amscáí. Áit an-bheag atá agam sa bhaile. Caora atá uaim. Déan pictiúr de chaora dom.

Mar sin, thosaigh mé ag tarraingt.

D'amharc sé go cúramach orm, agus ansin:

- Ní hea! Tá an ceann sin tinn. Déan ceann eile.


Tharraing mé liom:

Tháinig aoibh an ghéire ar mo chara beag, go caoin cneasta.

- An bhfeiceann tú...ní caora é sin, is reithe é sin, is reithe é. Tá adharca air...

Rinne mé mo líníocht arís:

Ach ní ghlacfaidh sé leis, ach oiread




AN PRIONSA BEAG

leis na cinn roimhe.

- Tá an ceann sin róshean. Caora atá uaim a mhairfeas i bhfad.

Ag an phointe sin, agus mé i ndeireadh na foighde, mar bhí deifir orm chun m'inneall a bhaint dá chéile, bhreac mé síos an pictiúr seo:



Agus dúirt mé suas leis:

- Sin é an cófra. An chaora atá uait, tá sí istigh ann.

Ach ba mhór an t-iontas a bhí orm nuair a tháinig loinnir sna súile ag an mheasúnóir beag seo agam:

- Sin é díreach mar a theastaigh uaim. Meas tú an mbeadh mórán féir de dhíth ar an chaora seo?

- Cad chuige?

- Mar nach bhfuil ach áit an-bheag agam sa bhaile.

- Beidh sé mór go leor cinnte. Caora an-bheag a thug mé duit. Chlaon sé a cheann i dtreo an phictiúir:

- Níl sí chomh beag sin uilig... Féach! Tá sí ina codladh...

Agus is mar sin a chuir mé aithne ar an phrionsa beag.

III

Bhain sé píosa fada asam a dhéanamh amach cad as a dtáinig sé. Cé gur chuir an prionsa beag seo go leor ceisteanna ormsa, ní thabharfadh sé cluas do mo chuidse ceisteanna ar chor ar bith. Rudaí a dúirt sé de thaisme a mhínigh an scéal dom de réir a chéile. Sa dóigh sin, nuair a chonaic sé m'eitleán den chéad uair, (ní dhéanfaidh mé pictiúr de m'eitleán, tá sé i bhfad róchasta ag mo leithéid), d'fhiafraigh sé díom:

- Cad é an rud é sin?

- Ní rud é. Eitlíonn sé. Is eitleán é. M'eitleán. Agus bhí mé brodúil as a rá leis go raibh mé in ann eitilt. Scairt sé amach ansin:


- Cad é seo! Ar thit tú as an spéir?

- Thit, arsa mé féin go modhúil.

Ó, tá sin an-ghreannmhar...

Agus lig an prionsa beag liú breá gáire as a chuir as domsa go mór. Measaim gur chóir do dhaoine an mí-ádh a bhaineann domsa a ghlacadh dáiríre. Ansin ar seisean:

- Mar sin, is as an spéir duitse chomh maith! Cén



pláinéad arb as duit?

Fuair mé tuaileas beag ar an toirt fá dtaobh den rúndiamhair a bhain leis, agus chuir mé an cheist chuige go grod:

- Is as pláinéad eile duit mar sin?

Ach freagra níor thug sé orm. Bhí sé ag sméideadh a chinn go séimh agus é ag amharc ar m'eitleán:

- Is cinnte nach dtiocfadh leat teacht ó i bhfad i gcéin ar an rud sin...

Agus tháinig cineál brudair air a mhair píosa fada. Ansin thóg sé mo chaora as a phóca agus thosaigh sé ag coimhead air mar a bheadh taisce ann.

Tuigfidh sibh chomh tógtha agus a bhí mé leis an méid dá rún agus a lig sé liom, fá dtaobh de "na pláinéid eile." Rinne mé iarracht tuilleadh a fháil amach:

- Cá has duit, a mhaicín bhig? Cá bhfuil an "baile" seo agat? Cá bhfuil tú ag dul le mo chaora?

D'fhreagair sé mé tar éis bomaite machnaimh:

- An chuid is fearr de faoin chófra a thug tú dom, déanfaidh sé teach dó san oíche.

- Cinnte. Agus má bhíonn tú i do ghasúr maith, bhéarfaidh mé téad duit lena ceangal i rith an lae. Agus cuaille fosta.

Bhain sé sin siar as an phrionsa beag, shílfeá:

- Í a cheangal? Nach aisteach an nóisean é sin!

- Ach mura gceanglaíonn tú í, imeoidh sí léi áit ar bith, agus rachaidh sí ar seachrán...

Agus lig mo chara beag a sheanscairt gháire arís:

- Ach cén áit a rachadh sí, meas tú!

- Áit ar bith, ag dul i mbéal a cinn....

Ansin arsa an prionsa beag go tromchúiseach:

- Is cuma, tá an áit chomh beag sin agam sa bhaile!

Agus iarracht bheag de chumha air, b'fhéidir, ar seisean.

- Díreach romhat i mbéal do chinn, ní féidir dul rófhada uilig...

IV


Fuair mé amach ón méid sin an dara rud a bhí an-tábhachtach: Is é sin, an pláinéad as ar tháinig sé ní raibh sé mórán ní b'fhairsinge ná teach!

Ní chuirfeadh sé sin mórán iontais orm. Bhí a fhios agam go maith, seachas na pláinéid mhóra ar nós an Talaimh, Iúpatair, Mharsa, Véineas, ar cuireadh ainmneacha orthu go bhfuil na céadta eile ann atá chomh beag sin uaireanta go mbíonn sé an-doiligh iad a fheiceáil leis an teileascóip. Nuair a aimsíonn réalteolaí ceann acu seo, cuireann sé uimhir air in ionad ainm. Mar shampla, tugann sé, abair, "astaróideach 3251" air.

Tá tuairim láidir agam gurb é an t-astaróideach B612 an pláinéad arbh as don phrionsa beag. Ní fhacthas an t-astaróideach sin leis an teileascóip ach aon uair amháin, siar sa bhliain 1909,

agus réalteolaí Turcach a chonaic é.

Rinne sé léirchruthú mór an t-am sin ar an bhfionnachtáin sin aige ag Comhdháil Réalteolaíochta Idirnáisiúnta. Ach níor chreid duine ar bith é as siocair éide aisteach bheith air. Bíonn na daoine fásta mar sin...




Ar an dea-uair do chlú an astaróidigh B 612, tháinig deachtóir Turcach agus chuir sé d'iachall ar mhuintir na Tuirce éide Eorpach a chaitheamh, faoi phian bháis. Rinne an réalteolaí seo a léirchruthú arís sa bhliain 1920 agus culaith an-ealaíonta air. Agus bhí gach duine ar aon tuairim leis an babhta seo.



Is é an fáth ar thug mé an t-eolas seo daoibh fá dtaobh den astaróideach B 612 agus gur lig mé libh i modh rúin an uimhir atá air, mar gheall ar na daoine fásta. Is breá le daoine fásta uimhreacha. Nuair a insíonn tú dóibh faoi chara nua atá agat, ní chuireann siad ceist ort ar chor ar bith faoi na rudaí is tábhachtaí. Ní abrann siad leat in am ar bith: "Cén sórt guth atá aige? Cad iad

na cluichí is fearr leis? An mbailíonn sé féileacáin?" Fiafraíonn siad díot: "Cén aois atá aige? Cé mhéad deartháir atá aige? Cén meáchan atá ann? Cén tuarastal atá ag a athair?"

Go dtí sin, ní shíleann siad go bhfuil aithne acu air. Má deir tú le daoine fásta: "Chonaic mé teach



álainn déanta de bhrící dearga, le bláthanna dearga sna fuinneoga agus colúir ar an díon...", ní féidir leo an teach a shamhlú dóibh féin. Ní mór a rá leo: "Chonaic mé teach a chosnaíonn céad míle punt." Ansin déarfaidh siad go beo: "Nach bhfuil sé sin go deas!"

Mar sin, má deir tú leo: "Is é a chruthaíonn go raibh an prionsa beag ann go raibh sé go hálainn, go raibh sé ag gáire, go raibh caora ag teastáil uaidh. Nuair a theastaíonn cara uait, cruthaíonn sé sin go bhfuil sé ann", bainfidh siad searradh as a nguaillí agus déarfaidh siad go bhfuil sin páistiúil! Ach má deir tú leo: "Is é an pláinéad arbh as dó an t-astaróideach B 612" beidh siad sásta ansin, agus ligfidh siad duit lena gcuid ceisteanna. Sin é an dóigh a bhfuil siad. Ní ceart bheith ina dhiaidh orthu. Caithfidh páistí bheith an-bhoigéiseach tuigbheálach le daoine fásta.

Ach ar ndóigh, muidinne a thuigeann an saol, is beag orainn uimhreacha! Ba bhreá liom tosú ar an eachtra seo mar a bheadh síscéal ann. Ba mhaith liom a rá:

"Fadó, fadó, bhí prionsa beag ann a bhí ina chónaí ar phláinéad nach raibh mórán níos mó ná é féin, agus a raibh cara de dhíth air..." Do dhuine ar bith a thuigeann an saol, bheadh i bhfad níos mó de chuma na fírinne air sin.

Mar ní maith liom daoine bheith ag léamh mo leabhair ar nós cuma liom. Is mór an crá croí dom na cuimhní cinn seo a insint. Tá sé sé bliana ó shin cheana féin ó d'imigh mo chara leis, é féin agus an chaora. Má tá mé ag iarraidh cur síos a dhéanamh air, tá mé á dhéanamh sa dóigh nach ndéanfaidh mé dearmad air. Is bocht an scéal é dearmad a dhéanamh ar chara. Chan gach duine a raibh cara aige. Agus d'fhéadfainn tiontú amach ar nós na ndaoine fásta, nach bhfuil spéis acu a thuilleadh ach sna figiúirí. Sin é an fáth fosta ar cheannaigh mé bosca dathanna agus pionsailí. Tá sé crua toiseacht ar an líníocht arís san aois a bhfuil mise, go háirithe nuair nach ndearna mé iarracht ar bith seachas boa dúnta agus boa oscailte, agus sin in aois mo shé bliana dom!

Ar ndóigh, féachfaidh mé le portráidí a dhéanamh a bheas chomh cosúil leis agus is féidir. Ach níl mé cinnte ar fad go n-éireoidh liom. Beidh pictiúr amháin ceart go leor, agus an dara ceann, ní bheidh sé cosúil leis ar chor ar bith. Ním botúin chomh maith fá dtaobh den airde a bhí ann. Sa cheann sin tá an prionsa beag rómhór. Sa cheann eile sin tá sé róbheag. Tá mé in amhras chomh maith faoin dath a bhí ar a chulaith. Bím ag gliúmáil liom mar sin chomh maith agus is féidir liom. Beidh dul amú orm i ndeireadh na dála faoin chuid de na mionsonraí is tábhachtaí. Ach caithfidh sibh é sin a mhaitheamh dom. Ní thugadh mo chara míniú dom in am ar bith. B'fhéidir gur chreid sé go raibh mise cosúil leis féin. Ach faraor, níl mise in ann caoirigh a fheiceáil taobh istigh de chófraí. D'fhéidir go bhfuil mé cosúil le daoine fásta. Caithfidh go bhfuil mé ag dul in aois.

V

Lá in aghaidh an lae bhí mé ag foghlaim rud éigin fá dtaobh den phláinéad, faoin dóigh ar fhág sé é, faoin turas a rinne sé. Tháinig sé amach de réir a chéile, de réir mar a thiocfadh smaoinemh ina cheann. Sa dóigh sin a fuair mé amach, an tríú lá, faoi eachtra na gcrann baobab.

De thairbhe na caorach a tharla sé an babhta seo fosta, mar go tobann d'fhiafraigh an prionsa beag ceist díom, mar a bheadh amhras mór i ndiaidh teacht air:



- Tá sé fíor, nach bhfuil, go n-itheann caoirigh toir.
- Is ea, tá sé fíor.
- Ó, is maith liom sin.

Níor thuig mé cad chuige a raibh sé chomh tábhachtach go n-íosfadh caoirigh toir. Ach dúirt an prionsa beag arís:

- Mar sin itheann siad crainn bhaobab fosta?

Chuir mé in iúl don phrionsa beag nach toir iad na crainn bhaobab, ach crainn atá chomh mór le heaglaisí, agus fiú dá dtabharfadh sé tréad iomlán eilifintí leis, nach bhféadfadh an tréad aon chrann baobab amháin a chríochnú.

An smaoineamh sin faoin tréad eilifintí, chuir sé an prionsa

beag ag gáire:

- Chaithfí iad a chur ar mhullach a chéile...

Ach ansin dúirt sé go stuama:

- Na crainn bhaobab, sula bhfásann siad, bíonn siad beag, nach mbíonn?

- Bíonn, cinnte! Ach cad chuige ar mhaith leat go mbeadh do chuid caorach ag ithe crainn bheaga boabab.

D'fhreagair sé mé: "Is ea! Ar ndóigh!" mar a bheadh an rud glan soiléir. Ach bhí orm féin iarracht mhór intinne a dhéanamh leis an fhadhb seo a thuighbéail as mo stuaim féin.

Is é an dóigh a raibh sé, ar phláinéad an phrionsa bhig, ar nós na bpláinéad go léir, bhí dea-lusanna agus drochlusanna ann. Mar sin, tá dea-shíol ann ó na dea-lusanna agus drochshíol ó na drochlusanna. Ach tá na gráinníní síl dofheicthe. Bíonn siad ina luí ina gcodladh faoi choim na créafóige go dtí go mbuaileann an tallann ceann acu agus go ndúisíonn sé. Serrann sé é féin ansin agus síneann sé i dtús báire péacán beag deas gan dochar go faiteach i dtreo na gréine. Más péacán róis nó raidíse atá ann, is féidir ligean dó fás mar is áil leis. Ach más drochklus atá ann, caithfear é a stoitheadh chomh luath agus a aithnítear cad é atá ann. Anois bhí gráinníní uafásacha ar phláinéad an phrionsa bhig...gráinníní síl bhaobab a bhí iontu. Bhí créafóg an phláinéid ar snámh leo. Anois más baobab atá ann, agus má théann tú ina bhun ródhéanach, ní féidir fáil réitithe leis go deo. Milleann sé an pláinéad ar fad. Níonn sé criathar de lena chuid fréamhacha. Agus má tá an pláinéad róbheag, agus an iomarca crann baobab bheith ann, pléascann siad ó chéile é.

"Ceist cleachtaidh atá ann", a dúirt an prionsa beag liom níos déanaí. "Nuair a bhíonn tú féin nite réitithe ar maidin, caithfidh tú an pláinéad a réiteach go cúramach. Caithfidh tú féacháil chuige go stoitheann tú na crainn bhaobab go rialta, chomh luath



agus a aithníonn tú iad ó na rósanna, a bhfuil siad an-chosúil leo nuair a bhíonn siad beag óg. Obair an-tuirsiúil atá ann, ach tá sé an-fhurasta.”

Agus lá amháin thug sé de chomhairle dom tabhairt faoi phictiúr deas a dhéanamh a chuirfeadh an ceacht sin go maith isteach sa chloigeann ag páistí mo bhaile dhúchais féin.

“Má théann siad ag taisteal lá éigin amach anseo,” a deir sé liom, “d’fhéadfadh sin a leas a dhéanamh. Uaireanta ní miste do chuid oibre a chur siar. Ach i gcás na gcrann baobab, tubaiste is ea é i gcónaí. Is cuimhin liom pláinéad atá ar eolas agam, a raibh leisgeoir ina chónaí ann. Bhí trí thor ann agus rinne sé faillí iontu...”

Agus rinne mé pictiúr den phláinéad sin, de réir na dtreoracha a thug an prionsa beag dom. Ní maith liom bheith ag leagan síos rialacha. Ach tá a laghad sin eolais ar an dainséar a bhaineann le crainn bhaobab, agus an oiread sin priacail ag bagairt ar an té a rachadh ar strae ar astaróideach, go ndéanfaidh mé eisceacht den uair seo amháin. Deirim: “A pháistí! Seachnaigí na crainn bhaobab!” Is chun mo chairde a chur ar a n-aire in éadan an dainséir sin a bhí buailte suas orthu i ngan fhios dóibh, mar bhí orm féin, is chuige sin a chuir mé an oiread sin oibre isteach i mo phictiúr. B’fhiú an ceacht an saothar. Fiafróidh sibh, b’fhéidir: Cad chuige nach bhfuil pictiúr ar bith eile sa leabhar seo atá chomh mór leis an cheann seo. Ní hansa: Thriail mé é ach níor éirigh liom. Nuair a línigh mé na crainn bhaobab, bhí mé ar bior le práinn.

VI

Maise, a phrionsa bhig, a stór, fuair mé tuigbhéail de réir a chéile don chumha a bhí ort i do shaol beag scoite. Ní raibh de chaitheamh aimsire ar feadh i bhfad ach an ghrian ag dul faoi agus a cineáltacht. Fuair mé an sonra nua seo amach ar maidin an cheathrú lá nuair a dúirt tú:

- Is maith liom an ghrian ag dul faoi. Gabhaimis a bhreathnú ar an ghrian ag dul faoi...

- Ach caithfear fanacht...

- Fanacht le cén rud?

- Fanacht go dtí go mbíonn an ghrian ag dul faoi.



Bhí an chuma ort ar dtús go raibh iontas mór ort, ach ansin rinne tú gáire fút féin. Agus arsa tusa liom:

- Bím ag déanamh go bhfuil mé sa bhaile i gcónaí. Cinnte dearfa. Nuair atá sé ina mheán lae sna Stáit Aontaithe, tá a fhios ag an saol mór go bhfuil an ghrian ag dul faoi sa bhFrainc. Níor ghá ach dul chun na Fraince ar feadh bomaite leis an ghrian a fheiceáil ag dul faoi. Faraor tá an Fhrainc i bhfad rófhada ar shiúl. Ach ba leor duitse, agus tú ar do phláinéad beag, do chathaoir a bhogadh cúpla slat. Agus d'fhéad tú bheith ag amharc ar an chlapsholas gach aon uair ba mhian leat.

- Lá amháin chonaic mé an ghrian ag dul faoi trí huair agus dhá scór.

Agus i gceann bomaite chuir tú an méid seo leis:

- Tá a fhios agat...nuair a bhíonn an oiread sin cumha ort, is breá leat an ghrian ag dul faoi.

- Bhí an oiread sin cumha ort mar sin an lá úd a chonaic tú í trí huair agus dhá scór? Ach níor thug an prionsa beag freagra orm.

VII

An cúigiú lá, a bhuíochas sin leis an chaora arís, léiríodh dom an rún eile seo de chuid an phrionsa bhig agus an saol a bhí aige. D'fhiafraigh sé díom go giorraisc gan rabhadh, mar a bheadh sé tar éis bheith ag machnamh go tostach ar an fhadhb le fada:

- Má itheann caora toir, itheann sí bláthanna fosta?

- Itheann caora gach rud a dtagann sí suas leis.

- Fiú amháin bláthanna a bhfuil dealga acu?

- Is ea, fiú bláthanna a bhfuil dealga acu.

- Na dealga mar sin, cén mhaith atá leo?

Ní raibh a fhios agam. Bhí mé an-ghnóthach ag an phointe sin ag iarraidh cnó ar an inneall a scaoileadh a bhí rótheannta. Bhí mé an-bhuartha mar bhí an chuma ar an scéal go raibh an cliseadh seo i m'inneall an-dona, agus an dóigh a raibh mo chuid uisce inólta ag dul síos, d'fhág sé eagla mo chraicinn orm.

- Na dealga, cén mhaith atá leo?

Níor ghnách leis an phrionsa beag ceist a scaoileadh uaidh nuair a bhí sí fiafraithe aige. Bhí míchéadfa orm de bharr an chnó úd, agus dúirt mé an chéad rud a tháinig isteach i mo cheann:

- Níl maith ar bith le dealga, is é drochrún na mbláthanna is cúis leo!

- Ó!

Ach tar éis tosta bhig, chaith sé liom, mar a bheadh cineál doichill air:

- Ní chreidim thú! Tá na bláthanna leochaileach. Tá siad saonta. Is cúis mhisnigh dóibh an rud is lú. Síleann siad go bhfuil siad scanraitheach lena gcuid dealg...

Níor thug mé freagra air. Bhí mé ag rá liom féin ag an bhomaite sin: "Mura scaoilfidh an cnó seo,



brisfidh mé é le buille den chasúr." Chuir an prionsa beag isteach ar mo mhachnamh arís:

- Agus an dóigh leatsa go bhfuil na bláthanna...?

- Ní hea! Ní hea! Ní dóigh liom rud ar bith! Dúirt mé an chéad rud a tháinig i mo cheann. Tá rudaí tromchúiseacha ar m'intinn agam!

D'amharc sé orm agus alltacht air.

- Rudaí tromchúiseacha!

Bhí mé ansin os a chomhair, mo chasúr i mo lámh, agus mo mhéara dubh le hola, agus mé cromtha anuas ar rud a shíl sé a bhí míofar amach agus amach.

Tá tú ag caint ar nós na ndaoine fásta!

Chuir sin beagán náire orm. Ach lean sé leis go míthrócaireach:

- Meascann tú gach rud...cuireann tú gach rud trína chéile!

Bhí sé an-chorraithe dáiríre. Bhí a chuid gruaige órbhuí ar foluain le gaoth aige:

- Tá pláinéad ar eolas agam a bhfuil bodach ina chónaí air agus aghaidh lasánta air. Níor bholaigh sé de bhláth riamh. Níor bhreathnaigh sé ar réalta riamh. Ní raibh grá aige d'aon duine riamh. Ní dhearna sé riamh ach suimeanna. Agus bíonn sé ag rá ó mhaidin go hoíche cosúil leatsa: "Is duine tromchúiseach mé! Is duine tromchúiseach mé!" agus é i mborr le mórchúis. Ach ní duine atá ann, beacán is ea é.

- Cad é?

- Beacán.

Bhí an prionsa beag bán san aghaidh le fearg faoi seo

- Tá na bláthanna ag déanamh dealg leis na milliúin de bhlianta. Ina dhiaidh sin, tá na caoirigh ag ithe na mbláthanna leis na milliúin de bhlianta. Agus dar leat nach den tromchúis é féacháil lena thuigbheáil cad chuige a gcuireann siad de stró orthu féin dealga a dhéanamh nach bhfuil maith ar bith leo? Ní rud tábhachtach é cogadh na gcaorach agus na mbláthanna? Ní

dóigh leat go bhfuil sé níos tábhachtaí agus níos tromchúisí ná na suimeanna ag bodach na gnúise lasánta? Agus má tá bláithín ar eolas agamsa nach bhfuil le fáil in aon áit eile sa chruinne ach ar mo phláinéadsa amháin, agus más féidir le do chaora bheag é a scrios maidin éigin d'aon ghreim amháin, gan a thuigbheáil cad é atá déanta aici, an ea nach bhfuil sé sin tábhachtach?

Las sé san aghaidh, agus lean air:

- Má tá grá ag duine do bhláth nach bhfuil ach aon sampla amháin de ann ar fud na milliún agus na milliún de réaltaí, is leor sin le haoibhneas a chur air agus é ag breathnú orthu. Deir sé leis féin: "Tá mo bhláithín amuigh ansin áit éigin..." Ach má alpann an chaora an bláth, is ionann sin aige agus dá múchfaí de phreab na réaltaí go léir. Agus níl sé sin tábhachtach!

Ní raibh sé in ann a thuilleadh a rá. Agus thosaigh sé ag gol go géar goirt. Bhí an oíche ann. Bhí mo chuid uirlisí fágtha uaim agam. Bhí mé beag beann ar mo chasúr, ar mo chnó, ar an tart agus ar an bhás. Bhí ar réalta áirithe, ar phláinéad, mo cheann féin, an Talamh, bhí prionsa beag ann a raibh sólas de dhíth air. Theann mé le m'ucht é. Thosaigh mé á luascadh. Deirinn leis: "Níl baol ar bith ar an bhláithín a bhfuil grá agat dó...Líneoidh mé mantóg agus cuirfimid ar an chaora í...Líneoidh mé sciath chosanta don bhláth...Déanfaidh mé." Ní raibh a fhios agam cad é a déarfainn. Mhothaigh mé an-tútach. Ní raibh a fhios agam cad é mar a dhéanfainn teagmháil leis, cén áit a dtiocfainn suas leis. Is tír an-diamhrach í tír na ndeor.

VIII

Chuir mé eolas an-tapa ar an bhláithín sin. Ar ndóigh, bhí bláthanna ar phláinéad an phrionsa bhig riamh, bláthanna an-simplí nach raibh ach sraith amháin piotal orthu, nach raibh ag cúnglú ar dhuine ar bith ná ag cur isteach ar dhuine ar bith. Thagadh siad amach maidin amháin tríd an fhéar, agus d'imíodh siad as arís tráthnóna. Ach an bláithín áirithe seo, bhí sé tar éis péachadh amach lá, ó ghráinnín síl a shiabadh isteach ó níl fhios cén áit, agus thug an prionsa beag aire go han-chúramach don bhachlóg sin nach raibh ar dhóigh ar bith cosúil leis na bachlóga eile. D'fhéadfadh gur baobab de chinéal úrnua a bheadh ann. Ach níorbh fhada gur stad an planda ag fás, agus gur thosaigh sé ar bhláth a dhéanamh. Choimhead an prionsa beag an bhachlóg mhór mhillteach ag fás, agus é cinnte go nochtfadh radharc míorúilteach aisti. Ach bhí an bláth an-mhall á réiteach féin amach, taobh istigh den seomra glasuaine sin. Bhí sé ag roghnú a cuid dathanna go cúramach. Bhí sé ag cur a chuid éadaigh uirthi féin go mall, gach piotal acu i ndiaidh a chéile. Níor theastaigh uirthi teacht amach os comhair an tsaoil lán clupaidí agus roicneacha ar nós na gcocán dearg. Níor theastaigh uaithi teacht amach ach faoi loinnir a lánáilleachta. Is ea go díreach! Cluanaire ceart a bhí inti! Bhí sí tar éis na laethanta agus na laethanta a chaitheamh i mbun an smideadh diamhrach sin. Agus ansin maidin amháin díreach ag éirí na gréine, thaispeáin sí í féin. Agus cad a dhéanfadh sí, an geidín seo a chuir an méid sin stró agus cúram uirthi féin, ach meánfach a ligean agus a rá:

- Och, níl mé i mo dhúiseacht go fóill... Gabhaim pardún... Tá mo



ghruaig ina dos ar fad...
 Ní raibh an prionsa beag in ann a iontas agus a mhórmheas a cheilt:
 - Tá tú go hálainn.
 - Is fíor duit, arsa an bláithín go caoin, agus tháinig mé ar an saol san aon am leis an ghrian.....
 D'aithin an prionsa beag nach raibh modhúlacht ar bith ag baint léi, ach nach í a bhí geanúil!

- Sílim go bhfuil sé in am bricfeasta, a dúirt sí leis ansin, ar mhiste leat freastal orm...

Tháinig cearthaí ar an phrionsa beag, d'imigh sé agus fuair canna fuaruise agus d'fhreastail ar an bhláth.

Sa dóigh sin níorbh fhada go raibh sé cráite ag an bhaois sin aici, agus í beagán goilliúnach ina theannta. Lá amháin, mar shampla, ag tagairt don chúpla dealg a bhí aici, dúirt sí leis an phrionsa beag:

- Dá dtiocfadh tíogar, uigne agus uile, níorbh eagla liom iad.

- Níl tíogar ar bith ar mo phláinéadsa, arsa an prionsa beag mar agóid, agus rud eile ní itheann tíogar lusanna.

- Ní lus mise, arsa an bláithín go caoin.





- Gabh mo leithscéal...
 - Níl eagla orm roimh na tíogair beag ná mór, ach cuireann siorraí gaoithe gráin orm. An bhfuil seans ar bith go mbeadh scáthlán agat?

- Gráin le siorraí gaoithe...ní maith mar a tharla, i gcás planda, ab ea tuairim an phrionsa bhig. Is bláithín an-chasta í sin...

- Cuirfidh tú faoi chlogad

gloine mé tráthnóna. Tá sé an-fhuar san áit seo agat. Níl sé feistithe i gceart. San áit arb as domsa...


Ach thost sí go tobann. Is ina gráinne síl a tháinig sí. Ní raibh cuimhne ar bith aici ar na domhain eile. Bhí ceannfaoi uirthi mar gur beireadh amach uirthi agus bréag chomh saonta sin á cur le chéile aici, lig sí casachtach bheag cúpla uair leis an phrionsa beag a chur san éagóir.

- Maidir leis an scáthlán úd?...

- Bhí mé ag dul á lorg ach go raibh tú ag caint liom.

Chuir sí lena casachtach ansin chun aiféala a chur air.

Mar sin, d'ainneoin a ghrá agus a dheamhéine, ní raibh an prionsa beag i bhfad ag éirí amhrasach



fúithi. Thóg sé dáiríre rudaí a dúirt sí a bhí gan tábhacht, agus bhí an-mhíshásamh air.

"Ba cheart dom gan éisteacht léi," a dúirt sé liom lá amháin i modh rúin, "ní ceart cluas a thabhairt do na bláthanna

choíche. Ní mór breathnú orthu agus bolú díobh. Chuir mo cheannsa cumhracht ar fud mo pláinéid, ach ní raibh mé in ann taitneamh a bhaint as. An chaint sin aici faoi chrúba, a chuir as dom an oiread sin, trua ba cheart di cur orm..."

Lig sé rún eile liom:

"Níor thuig mé a dhath an t-am sin! Ba cheart dom breith a thabhairt uirthi de réir mar a rinne sí, chan de réir mar a dúirt sí. Choinnigh sí cumhracht agus solas liom. Níor cheart dom teitheadh uaithi! Ba cheart dom an gean a aithint taobh thiar de na cleasanna bochta sin aige. Tá an oiread sin anonn is anall le bláthanna! Ach bhí mé ró-óg lena thuigbheáil cén dóigh le mo ghrá a léiriú di."



IX

Creidim gur bhain sé tairbhe, chun éalú leis, as scaoth éanacha eachtrann ar a n-imirce. An mhaidin a d'imigh sé chuir sé cóir mhaith ar a phláinéad. Réitigh sé amach go cúramach na bolcáin bheo. Bhí dhá bholtcán aige a bhí beo. Agus bhí sin an-chaoithiúil leis an bhriceasta a théamh ar maidin. Bhí boltcán eile aige a bhí marbh. Ach, mar a deireadh sé "Ní bhíonn fhios agat choíche!" Mar sin réitigh sé an boltcán marbh chomh maith. Má choinnítear réitithe iad, dóinn na bolcáin go ciúin rialta, gan brúchtadh. Tá brúchtadh na mboltcán cosúil le sinnéithe ag dul trí thine. Ar ndóigh, anseo ar an Talamh táimid i bhfad róbheag lenár gcuid boltcán a réiteach. Sin é an fáth a dtugann siad an oiread sin trioblóide dúinn.

Rinne an prionsa beag péacáin dheireanacha na mbaobab a stoitheadh amach, agus iarracht de lionn dubh air. Bhí sé creidte aige nach raibh sé i ndán dó teacht ar ais go deo. Ach an mhaidin sin, chonachtas dó go raibh sé an-taitneamhach, an timireacht sin a raibh sé ina chleachtadh. Agus nuair a spréigh sé uisce ar an bhláithín don uair dheireanach, agus nuair a thug sé faoin chlogad gloine a chur uirthi mar fhoscadh, mhothaigh sé fonn caointe ag teacht air.

- Slán go deo agat, ar seisean leis an bhláth.

Ach níor thug sí freagra ar bith air.

- Slán go deo agat, a dúirt sé arís.

Rinne an bláth casachtach bheag. Ach chan de bharr slaghdán bheith uirthi.

- Óinseach cheart mé, ar sise leis ar deireadh. Gabhaim pardún



agat. Déan iarracht bheith sona.

Chuir sé iontas air nár chaith sí a dhath suas leis. D'fhan sé ina sheasamh ansin, mar a bhainfí stangadh as, agus an clogad gloine sínte amach aige. Níor thuig sé an caoineadas ciúin sin.

- Ach is tú mo ghrá, cinnte, a dúirt an bláithín leis. Níor aithin tú sin, agus ormsa atá an locht. Ach is cuma sin. Bhí tusa chomh gan i gcéill liom féin. Déan iarracht bheith sona...Ná bac leis an chlogad gloine sin. Níl sé ag teastáil uaim níos mó.

- Ach an ghaoth...

- Níl mo shlaghdán chomh holc sin...Déanfaidh aer úr na hoíche maith dom. Bláth is ea mé.

- Ach na péisteanna.....

- Caithfidh mé cur suas le cúpla cruimh má tá mé le haithne a chur ar na féileacáin. Deirtear go bhfuil siad go hálainn. Murach sin, cé a bhéarfás cuairt orm? Beidh tusa i bhfad i gcéin. Maidir leis na beithígh mhóra, ní chuireann siad eagla ar bith orm. Nach bhfuil mo chuid dealg agam?

Agus thaispeáin sí go saonta an dornán dealg a bhí aici. Ansin dúirt sí:

- Ná bí ag crochadh timpeall mar sin. Is mór an crá é. Tá sé socraithe agat imeacht. Bí ag imeacht leat.

Óir níor theastaigh uaithi go bhfeicfeadh sé í ag gol. Bláithín thar a bheith uaibhreach a bhí inti...

X

Is í áit a raibh sé réigiún na n-astaróideach 325, 326, 327, 328, 329 agus 330. Chuir sé tús lena aistear mar sin trí chuairt a thabhairt orthu siúd ar lorg gnó a choinneodh ag imeacht é agus a dhéanamh foghlama.

An chéad cheann acu, bhí rí ina chónaí ann. Bhí an rí seo in

éide chorcra agus eirmín, agus é ina shuí ar rí chathaoir a bhí an-simplí ach maorga san am céanna.

- Á, seo chugam íochtarán, arsa an rí in ard a chinn chomh luath agus a leag sé súil ar an phrionsa beag.

Agus bhí an prionsa beag ag fiafraí de féin:

- Cén dóigh a bhfuil aithne aige orm nuair nach bhfaca sé mé riamh cheana?

Ní raibh a fhios aige gurb áit an-simplí an domhan dar le ríthe. Is íochtarán, dar leo, gach aon duine.

- Gabh anseo go bhfeice mé níos fearr thú, arsa an rí leis, agus bród mór air go raibh sé ina rí ar dhuine éigin sa deireadh.

Bhreachaigh an prionsa beag ina thimpeall ag lorg áit le suí síos, ach bhí an pláinéad ar fad clúdaithe leis an bhrat álainn eirmín. D'fhan sé ina sheasamh mar sin, agus ó tharla go raibh sé tuirseach, rinne sé meánfach.

- Tá sé i gcoinne béasaíochta meánfach a dhéanamh i láthair rí, a deir an rí leis. Cíosaim ort é.

- Ní thig liom gan a dhéanamh, arsa an prionsa beag agus cearthaí air. Tá mé i ndiaidh turas fada a chur díom agus ní bhfuair mé codladh na hoíche...

- Maith go leor, arsa an rí, ordaím duit meánfach a dhéanamh. Ní fhaca mé duine ag meánfach leis na cianta cairbreacha. Is iontach an rud é, dar liom, meánfach. Seo! Déan meánfach eile. Sin ordú.

- Cuireann sé sin faitíos orm...ní féidir liom níos mó...a deir an prionsa beag, agus lasadh ina ghnúis.

- Hum, hum! a d'fhreagair an rí. Más mar sin atá, ordaím duit meánfach seal agus seal eile...

Tháinig briotaireacht ar a chaint mar a bheadh rud éigin á chrá.

Óir ba mhór leis an rí i ndeireadh na dála go mbeadh ómós ag dul dá údarás. Ní thiocfadh leis cur suas le heasumhlaíocht. Rí a



bhí ann nach raibh teorainn lena chumhacht. Ach ó tharla gur rí an-chneasta a bhí ann, ní thugadh sé uaidh ach orduithe réasúnta.

“Dá n-ordóinnse,” a deireadh sé go minic, “dá n-ordóinnse do ghinearál de mo chuid é féin a thiontú ina éan mara agus dá mb’ea nach ndéanfadh sé rud orm, ní ar an ghinearál a bheadh an locht. Is ormsa a bheadh an locht.”

- An bhfuil cead agam suí síos? a d’fhiafraigh an prionsa beag go faiteach.

- Ordaím duit suí síos, a d’fhreagair an rí, ag tarraingt binn dá bhrat eirmín chuige féin go maorga.

Ach bhí an prionsa beag ag déanamh iontais.

Pláinéad beag bídeach a bhí ann. Cad é a bhí á rialú ag an rí ar chor ar bith?

- A rí uasail, a dúirt sé...gabhaim pardún agat as an cheist a chur ort...

- Ordaím duit ceist a chur orm, arsa an rí go tapa.

- A rí uasail, cad é atá á rialú agat?

- Gach rud, arsa an rí go mín macánta.

- Gach rud?

Le comhartha beag dá lámh thaispeáin an rí a phláinéad féin, na pláinéid eile agus na réaltaí.

- Gach rud ar fad? arsa an prionsa beag.

- Gach rud ar fad...a d’fhreagair an rí.

Óir ní hé amháin nach raibh teorainn lena chumhacht mar rí, ní raibh críoch lena chumhacht ach oiread.

- Agus tá na réaltaí ag géilleadh duit?

- Cinnte dearfa, arsa an rí leis. Géilleann siad ar an toirt. Ní chuirim suas le míréir.

A leithéid sin de chumhacht, chuir sé ardiontas ar an phrionsa beag. Dá mbeadh a leithéid aige féin, d’fhéadfadh sé an ghrian a fheiceáil ag dul faoi, chan daichead a ceathair uair amháin, ach seachtó a dó, nó céad fiú, nó b’fhéidir dhá chéad, gan oiread agus a chathaoir a bhogadh! Mhóthaigh sé cumha ag teacht air nuair a chuimhnigh sé ar a phláinéad beag féin agus é fágtha ina dhiaidh aige; mar sin fuair sé de chroí gar a iarraidh ar an rí:

- Ba mhaith liom an ghrian a fheiceáil ag dul faoi. Más é do thoil é...Ordaigh don ghrian dul faoi....

- Dá n-ordóinn do ghinearál de mo chuid eitilt ó bhláth go bláth ar nós féileacáin, nó traigéide a scríobh nó é féin a thiontú ina éan mara, agus dá mb’ea nár chuir sé an t-ordú i gcrích, cé acu airsean nó ormsa a bheadh an locht?

- Ortsa, a dúirt an prionsa beag go daingean dearfa.

- Go díreach. Ní ceart a éileamh ar dhuine ach an rud atá sé in ann a thabhairt, a d'fhreagair an rí. Tá an t-údarás bunaithe sa chéad dul síos ar an réasún. Má ordaíonn tú do do mhuintir iad féin a chaitheamh amach san fharraige, éireoidh siad amach i do choinne. Tá an umhlaíocht ag dul domsa, mar go dtugaim orduithe réasúnta uaim.

- Ach cad mar gheall ar an fhuineadh gréine a d'iarr mé, a mheabhraigh an prionsa beag dó, óir ní dhéanadh sé dearmad choíche ar cheist ar bith a bhí fiafraithe aige.

- An fuinneadh gréine sin agat, gheobhaidh tú é. Éileoidh mé féin é. Ach ó tharla ealaín an rialacháin bheith agam, fanfaidh mé go dtí go mbíonn cúrsaí i gceart.

- Agus cén uair a bheas sé sin amhlaidh, a d'fhiafraigh an prionsa beag.

- Heim, heim! a d'fhreagair an rí, agus é ag ceadú caileandar mór a bhí aige, Heim, heim! beidh sé timpeall...timpeall...beidh sé ann an tráthnóna seo timpeall fiche go dtí a hocht! Agus tífidh tú chomh breá agus a ghéilltear dom.

Rinne an prionsa beag meánfach. Bhí aiféala air de bharr an fuineadh gréine bheith imithe amú air. Agus chomh maith leis sin, bhí beagán fadála ag teacht air cheana féin:

- Níl a dhath eile le déanamh agam anseo, a dúirt sé leis an rí. Beidh mé ag imeacht liom!

- Ná himigh, arsa an rí, mar ba mhór an chúis bhróid dó íochtarán bheith aige. Ná himigh, ceapfaidh mé i d'aire stáit thú!

- Aire! Cén sórt aire?

- Aire...aire dlí agus cirt!

- Ach níl duine ar bith ann leis an dlí a chur air!

- Ní bheadh a fhios agat, a deir an rí leis. Ní dhearna mé cuairt mo ríochta go fóill. Tá mé aosta go maith, níl slí ar bith agam le carráiste a choinneáil, agus fágann siúl na gcós tuirseach mé.

- Ó, tá sé feicthe agamsa cheana, a dúirt an prionsa beag, ag

cromadh síos ag breathnú ar an taobh eile den phláinéad. Níl duine ar bith thíos ansin ach oiread..

- Cuir an dlí ort féin mar sin, arsa an rí. Sin é an rud is deacra. Is deacra go mór breith a thabhairt ort féin ná ar dhuine eile. Má éiríonn leat breith chothrom a thabhairt ort féin, is ionann sin agus a rá gur saoi i gceart thú.

- Ach, a deir an prionsa beag, thig liom breith a thabhairt orm féin in aon áit. Ní gá dom bheith i mo chónaí anseo.

- Heim, heim! a dúirt an rí, creidim go bhfuil seanfhrancach ar mo phláinéad in áit éigin. Cluinim é san oíche. Thiocfadh leat an dlí a chur an an fhrancach sin. Féadann tú breith an bháis a thabhairt air ó am go chéile. Mar sin beidh a bheo ag brath ar thusa bheith cóir. Ach bhéarfadh tú pardún dó gach uair agus é a choigilt. Níl ann ach an t-aon cheann amháin.

- Ní maith liom, arsa an prionsa beag, ní maith liom bheith ag tabhairt breith an bháis ar dhaoine, agus sílim go mbeidh mé ag imeacht liom.

- Ná déan, arsa an rí.

Ach bhí gach rud réidh ag an phrionsa beag agus níor theastaigh uaidh an seanrí a ghortú:

- Más toil le do Mhórgacht go ndéanfar rud ort go gasta, d'fhéadfá ordú réasúnta a thabhairt dom. D'fhéadfá a ordú dom imeacht liom i gceann bomaite. Títhear dom go bhfuil cúrsaí i gceart...

Níor thug an rí freagra ar bith air, mar sin d'fhan an prionsa beag bomaite idir dhá chomhairle, ansin lig sé osna agus d'imigh leis.

- Déanfaidh mé ambasadóir díot, a ghlaigh an rí go deifreach ina dhiaidh.

Bhí cuma an údaráis go tréan air.

Nach bhfuil daoine fásta an-ait, a bhí an prionsa beag ag rá leis féin le linn an turais.

XI

Cé a bhí ina chónaí ar an dara pláinéad ach duine mórchúiseach!
 - Ha, ha! Seo cuairteoir a dhéanfas iontas díom! arsa fear na mórchúise nuair a chonaic sé uaidh an prionsa beag. Ar ndóigh, dar le lucht mórchúise, ní hann do dhaoine eile ach chun iontas a dhéanamh díobh féin.

- Dia duit, arsa an prionsa beag. Is ait an hata sin atá ort.

- Tá sé agam le bheith ag beannú do dhaoine, a d'fhreagair fear na mórchúise. Le beannú dóibh nuair a thógann siad gáir mholta dom. Faraor, ní thagann duine ar bith an bealach in am ar bith.

- Ó, an mar sin é? arsa an prionsa beag, mar níor thuig sé seo ar chor ar bith.

- Buail do dhá bhois ar a chéile, is ea a chomhairligh fear na mórchúise dó mar sin.

Bhuail an prionsa beag a dhá bhois ar a chéile. Bhain fear na mórchúise de a hata, agus bheannaigh go béasach.

- Is fearr an spórt é seo ná an chuairt a thug mé ar an rí, arsa an prionsa beag leis féin. Agus thosaigh sé ag bualadh a dhá bhois ar a chéile arís. Thosaigh fear na mórchúise ag baint an hata de féin agus ag beannú arís.

Tar éis cúig bhomaite a chaitheamh ag gabháil dó, d'éirigh an prionsa beag tuirseach den chluiche liosta úd:

- Cad é atá le déanamh, ar seisean, leis an hata a bhaint díot ar fad?

Ach níor chuala fear na mórchúise é. Ní chluineann lucht mórchúise aon rud ach gártha molta.

- An bhfuil tú ag déanamh iontais díom dáiríre? a d'fhiafraigh sé den phrionsa beag.



- Cad is ciall le hiontas a dhéanamh díot?

- Is ionann é agus a admháil gur mise an duine is breátha, is fearr éadach, is saibhre agus is cliste atá ar an phláinéad seo.

- Ach níl ar an phláinéad ach tú féin!

- Déan an gar seo dom. Déan iontas díom mar sin féin.

AN PRIONSA BEAG

- Is ionadh liom thú, arsa an prionsa beag, ag baint searradh beag as a ghuaillí, ach cén fáth ar spéis leat an méid sin?

Agus d'imigh an prionsa beag leis.

Go deimhin féin, tá daoine fásta thar a bheith saoihiúil a bhí sé ag rá leis féin le linn an turais.

XII

An pláinéad ina dhiaidh sin, meisceoir a bhí ina chónaí ann. Ní dhearna sé ach cuairt ghearr ann, ach d'fhág sin féin lionn dubh mór ar an phrionsa beag.

- Cad é atá ar siúl ansin agat? ar seisean leis an mheisceoir, a fuair sé ina shuí ina thost os comhair moll amháin de bhuidéil agus moll eile de bhuidéil lána.

- Tá mé ag ól, arsa an meisceoir go duairc dubhach.

- Cén fáth a bhfuil tú ag ól? a d'fhiafraigh an prionsa beag de.

- Le dearmad a dhéanamh, a d'fhreagair an meisceoir.

- Le dearmad a dhéanamh ar cén rud? arsa an prionsa beag, a raibh trua aige dó cheana féin.

- Le dearmad a dhéanamh ar an náire atá orm, arsa an meisceoir agus ceannfaoi air.

- Agus cad é an náire atá ort? a d'fhiafraigh an prionsa beag, mar ba mhaith leis cuidiú a thabhairt dó.

- Náire an ólacháin! arsa an meisceoir sa deireadh, agus tháinig tost ar fad air.

D'imigh an prionsa beag leis agus ceist air.

Is cinnte go bhfuil daoine fásta saoihiúil amach agus amach, a bhí sé ag rá leis féin le linn an turais.

AN PRIONSA BEAG



XIII

An ceathrú pláinéad, ba le fear gnó é. Bhí sé chomh gnóthach sin nár thóg sé a cheann fiú amháin nuair a tháinig an prionsa beag.

- Dia duit, ar seisean leis. Tá do thoitín múchta.

- A trí agus a dó, sin a cúig déag. Dia agus Muire duit. A cúig déag agus a seacht, sin fiche a dó. Fiche a dó agus a sé, fiche a



hocht. Níl an t-am agam é a lasadh. Fiche a sé agus a cúig, tríocha a haon. Sea! Déanann sé sin cúig chéad agus milliúin amháin, sé chéad fiche a dó míle, seacht gcéad tríocha a haon.

- Cúig chéad milliún de cén rud?

- É, an bhfuil tú ansin go fóill? Cúig chéad agus milliún amháin de...Níl a fhios agam...Tá an oiread sin le déanamh agam! Is duine dáiríre mise, ní chaithim mo chuid ama le seafóid! A dó agus a cúig, sin a seacht...

- Cúig chéad milliún de cén rud? arsa an prionsa beag arís, mar níor nós leis ceist ar bith a thabhairt suas ón uair a bhí sí fiafraithe aige.

Thóg an fear gnó a cheann:

- Tá mé i mo chónaí ar an phláinéad seo le ceithre bliana déag

agus dhá scór agus níor cuireadh isteach orm ach trí huair. An chéad uair, dhá bhliain agus fiche ó shin, priompallán a thiú anuas, níl a fhios agam faoi Dhia cá has ar tháinig sé. Bhí tormán millteanach á dhéanamh aige, agus chuaigh mé amú trí huair i mo chuntas. An dara huair, bhí sé sin aon bhliain déag ó shin, taom scoilteacha a bhuaill mé. Ní dhéanaim go leor aclaíochta. Níl an t-am agam le bheith ag spaisteoireacht thart. Is duine dáiríre mise. An tríú huair, seo anois é! Mar a bhí mé ag rá cúig chéad milliún.....

- Milliúin de cén rud?

Thuig an fear gnó nach raibh dóchas ar bith go ligfí dó.

- Milliúin de na rudaí beaga sin a bhíonn le feiceáil sa spéir anois agus arís.

- Míoltóga?

- Ní hea maise, rudaí beaga lonracha.

- Beacha?

- Ní hea ar chor ar bith. Rudaí beaga óir a chuireann leisceoirí ag aislingíocht. Ach is duine dáiríre mise. Níl an t-am agam le bheith ag aislingíocht.

- Á, réaltaí?

- Sin é go díreach. Réaltaí.

- Agus cad é a dhéanann tú le cúig chéad milliún de réaltaí?

- Cúig chéad agus milliún amháin, sé chéad fiche a dó míle, seacht gcéad tríocha a haon. Is duine dáiríre mise, is duine cruinn beacht mé.

- Agus cad é a dhéanann tú leis na réaltaí seo?

- Cad é a dhéanaim leo?

- Is ea.

- Dada. Tá seilbh agam orthu.

- Tá seilbh agat ar na réaltaí?

- Tá.

- Ach chonaic mé rí cheana agus...

- Ní bhíonn seilbh ag ríthe. Bíonn siad ag 'rialú' ar rudaí. Tá sé sin difriúil ar fad.

- Agus cén mhaith duit seilbh bheith agat ar na réaltaí?

- Déanann sé saibhir mé.

- Agus cén mhaith duit bheith saibhir?

- Chun réaltaí eile a cheannach, má tá fáil orthu.

Arsa an prionsa beag leis féin, sin é an cineál cainte a chuala mé ag an fhear meisce.

Ina dhiaidh sin féin, d'fhiafraigh sé cúpla ceist eile.

- Cad é mar is féidir seilbh bheith agat ar na réaltaí?

- Cé leis iad? arsa an fear gnó go cantalach.

- Níl a fhios agam. Le duine ar bith.

- Is liomsa iad mar sin, mar is mise a smaoinigh air ar dtús.

- Agus is leor sin?

- Cinnte dearfa. Nuair a thagann tú ar sheoid nach le duine ar bith é, is leatsa í. Nuair a thagann tú ar oileán nach le duine ar bith é, is leatsa é. Nuair is tú is túisce a smaoinigh ar rud, faigheann tú paitinn air: is leatsa é. Agus tá seilbh agamsa ar na réaltaí, mar níor smaoinigh duine ar bith romhamsa ar sheilbh a ghlacadh orthu.

- Is fíor sin, arsa an prionsa beag. Ach cad é a dhéanann tú leo?

- Déanaim bainistíocht orthu. Déanaim iad a chuntas agus a athchuntas, arsa an fear gnó. Tá sé deacair. Ach is duine an-dáiríre mé!

Ní raibh an prionsa beag sásta go fóill.

- Maise anois, má tá scairf i mo sheilbh, féadaim í a chur thart ar mo mhúineál agus í a thabhairt liom. Má tá bláth i mo sheilbh agam, féadaim mo bhláth a stoitheadh agus a thabhairt liom. Ach ní féidir leatsa na réaltaí a stoitheadh!

- Ní féidir, ach féadaim iad a chur sa bhanc.

- Cad is ciall leis sin?

- Is é is ciall leis sin go scríobhaim uimhir mo chuid réaltaí ar pháipéar beag páipéir. Agus ansin cuirim an páipéar faoi ghlas i

dtarraiceán.

- Agus an é sin an méid?

- An ea nach leor é?

Tá sin greannmhar, a bhí an prionsa beag ag rá leis féin. Tá sé cineál fileata. Ach níl sé ródháiríre.

An tuairim a bhí ag an phrionsa beag faoi rudaí dáiríre, bhí sí an-difriúil ó thuairim na ndaoine fásta.

- Maise anois, ar seisean arís, tá bláth agam agus cuirim uisce leis gach lá. Tá trí bholcán agam agus réitím iad amach gach seachtain. Mar réitím an ceann suanach fosta. Ní bheadh a fhios agat choíche. Déanann sé leas mo chuid bolcán, agus déanann sé leas mo bhláthanna, go bhfuil seilbh agam orthu. Ach ní dhéanann tusa leas na réaltaí...

D'oscail an fear gnó a bhéal, ach níor tháinig freagra ar bith leis, agus d'imigh an prionsa beag leis.

Tá na daoine fásta thar a bheith ait, cinnte, a deireadh sé go macánta leis féin le linn an turais.

XIV

Bhí an cúigiú pláinéad an-aisteach. Bhí sé ar an cheann ba lú díobh go léir. Bhí díreach áit go leor ann fá choinne lampa sráide agus fear lasta lampaí. Ní fhéadfadh an prionsa beag a dhéanamh amach cén mhaith a bhí le lampa sráide agus fear lasta lampaí amuigh ansin sna spéarthaí, ar phláinéad nach raibh cónaí ná daoine air. Ach dá ainneoin sin dúirt sé leis féin:

- B'fhéidir go bhfuil an fear úd áiféiseach. Ach níl sé chomh háiféiseach leis an rí, nó le fear na mórchúise, nó an fear gnó nó an meisceoir.

Ar a laghad tá ciall lena chuid oibre. Nuair a lasann sé an lampa sin aige, tá sé mar a bheadh réalta úr á múscailt aige, nó bláth. Nuair a mhúchann sé an lampa, cuirtear an bláth nó an réalta a chodladh. Is ceird álainn í sin. Agus ceird úsáideach i gceart í ó ceird álainn í.

Nuair a thuirling sé ar an phláinéad, bheannaigh sé go hómósach d'fhear an lampa.

- Go mbeannaí Dia duit. Cad chuige ar mhúch tú do lampa ansin?

- Sin é an t-ordú, arsa fear an lampa. Lá maith agat.

- Cén t-ordú é sin?

- Mo lampa a mhúchadh. Oíche mhaith agat. Agus las sé é arís.

- Ach cad chuige ar las tú é anois?

- Sin é an t-ordú, arsa fear an lampa.

- Ní thuigim, a deir an prionsa beag.

- Níl tuigbheáil ar bith ann, arsa fear an lampa. Is é an t-ordú an t-ordú. Lá maith agat.

Agus mhúch sé an lampa.



Ansin chuimil sé a éadan le ciarsúr a raibh muileataí dearga air.
 - Is millteanach an cheird seo atá agam. Bhí sí le ciall sna seanlaethanta. Mhúchainn ar maidin agus lasainn tráthnóna. Bhí an chuid eile den lá agam le mo scíth a ligean, agus an chuid eile den oíche chun codlata...

- Agus idir an dá linn athraíodh an t-ordú?

- Níor athraíodh an t-ordú, a deir fear an lampa. Sin é díreach an fhadhb! Ó bhliain go bliain tá an pláinéad ag casadh níos gasta, agus níor athraíodh an t-ordú!

- Cad chuige a bhfuil tú? arsa an prionsa beag.

- Chuige seo atá mé go bhfuil sé ag casadh uair sa nóiméad anois, agus níl meandar scíthe agam níos mó. Bíim ag lasadh agus ag múchadh uair amháin sa nóiméad!

- Tá sin greannmhar! Na laethanta anseo ní mhaireann siad ach nóiméad!

- Níl sé greannmhar ar chor ar bith, a deir fear an lampa. Táimid ag caint anseo le mí cheana féin.

- Le mí?

- Is ea. Tríocha nóiméad. Tríocha lá! Oíche mhaith.

Agus las sé an lampa arís.

D'amharc an prionsa beag air agus ba ghreann leis fear seo an lampa a bhí chomh dílis sin don ordú a fuair sé. Chuimhnigh sé ar dhul faoi na gréine agus ar an dóigh a dtéadh sé ar a lorg, ag bogadh a chathaoireach. Ba mhaith leis cuidiú lena chara:

- Bhfuil fhios agat...tá a fhios agamsa bealach le do scíth a ligean nuair is maith leat...

- Is maith liom sin i gcónaí, a deir fear an lampa.

Mar is féidir bheith dílis agus leisciúil san aon am amháin.

Lean an prionsa beag ar aghaidh:

- An pláinéad seo agat, trí choiscéim agus tá a chuairt tugtha agat. Níl le déanamh agat ach siúl mall go leor le fanacht sa ghrian i gcónaí. Nuair a ba mhaith leat do scíth a ligean, téann tú ag

siúl...agus mairfidh an lá chomh fada agus is maith leat.

- Níl mé mórán níos faide chun cinn, arsa fear an lampa. Is é is maith liomsa sa saol mo chodladh a dhéanamh.

- Ní maith mar a tharla, arsa an prionsa beag.

- Ní maith mar a tharla, a deir fear an lampa. Lá maith agat.

Agus mhúch sé an lampa.

An fear sin anois, a dúirt an prionsa beag leis féin agus é ag dul i mbun a aistir arís, bheadh an chuid eile acu ag caitheamh anuas air, an rí, fear na mórchúise, an meisceoir, an fear gnó. Ina dhiaidh sin, is é an t-aon duine acu é nach ábhar magaidh liom é. Is é an fáth atá leis, b'fhéidir, gur spéis leis rud éigin seachas é féin.

Lig sé osna aiféala as, agus dúirt leis féin arís:

- Sin é an t-aon duine acu a bhféadfainn cara a dhéanamh as. Ach tá an pláinéad sin aige róbheag dáiríre. Níl slí ann do bheirt...

Is é an rud nár theastaigh ón phrionsa beag a admháil, go raibh caitheamh aige i ndiaidh an phláinéid sin an tsonais, mar go raibh dul faoi na gréine le feiceáil ann míle ceithre chéad agus daichead uair gach fiche a ceathair uair an chloig!

XV

An séú pláinéad, bhí sé deich n-uaire níos fairsinge. Bhí seandúine ina chónaí ann a scríobhadh leabhair mhilleantacha mhóra.

- Féach! Seo taiscealaí chugainn! ar seisean go beo, nuair a chonaic sé an prionsa beag.

Shuigh an prionsa beag síos ar an tábla agus tharraing sé a anáil bomaite.

- Cá has duit? arsa an seandúine leis.

- Cén leabhar mór é sin? arsa an prionsa beag. Cad atá ar siúl agat anseo?

- Is tíreolaí mise, a deir an seandúine.

- Cén sórt duine tíreolaí?



- Is duine léannta é a bhfuil a fhios aige cá bhfuil na farraigí, na haibhneacha, na bailte móra, na sléibhte agus na gaineamhlaigh.

- Tá sé sin fíor-inspéise, arsa an prionsa beag.

Sin ceird cheart ar deireadh! Agus thug sé spléachadh timpeall ar phláinéad an tíreolaí. Ní fhaca sé riamh go dtí sin pláinéad chomh maorga leis.

- Tá sé go hálainn, an pláinéad seo agat. An bhfuil aigéan ar bith agat?

- Cad é mar a bheadh a fhios agam sin? arsa an tíreolaí.

- Uch! (Bhí díomá ar an phrionsa beag). Agus an bhfuil sléibhte agat?

- Ní bheadh a fhios agam, arsa an tíreolaí.

- Agus bailte móra agus aibhneacha agus gaineamhlaigh?

- Ní bheadh a fhios agam sin ach oiread, arsa an tíreolaí.

- Ach is tíreolaí thú!

- Tá sin ceart, arsa an tíreolaí, ach ní taiscealaí mé. Tá ganntanas iomlán taiscealaithe orm. Ní dual do thíreolaí cuntas a dhéanamh ar bhailte móra, ar aibhneacha, ar shléibhte, ar fharragí, ar aigéin agus ar ghaineamhlaigh. Is duine róthábhachtach é tíreolaí le bheith ag spaisteoireacht thart. Ní fhágann sé a oifig. Ach tagann taiscealaithe ar cuairt chuige ansin. Cuireann sé ceisteanna orthu, agus scríobhann sé síos an méid is cuimhin leo. Agus más spéis leis a ndeir duine acu, cuireann an tíreolaí fiosrú ar siúl ag féacháil an duine ionraic é an taiscealaí.

- Cad chuige sin?

- As siocair taiscealaí a d'inseodh bréag, tharraingeodh sé an tubaiste ar na leabhair thíreolais. Agus taiscealaí a bheadh ag ól barraíocht mar an gcéanna.

- Cad chuige sin? a deir an prionsa beag.

- Mar go bhfeiceann meisceoirí gach rud faoi dhó. Ansin scríobhfadh an tíreolaí síos dhá shliabh san áit nach bhfuil ach ceann amháin.

- Tá a fhios agamsa duine, arsa an prionsa beag, a dhéanfadh fíor-dhrochthaiscealaí.

- B'fhéidir. Mar sin, má tá an chuma air go bhfuil an taiscealaí ionraic, déantar iniúchadh ar an rud atá fionnta aige.

- Téann sibh a bhreathnú air?

- Ní théann. Bheadh sé sin róchasta. Ach éilimid ar an taiscealaí cruthúnais a thabhairt dúinn. Mar shampla, más sliabh mór atá fionnta aige, éilimid air clocha móra a thabhairt ar ais chugainn uaidh.

Leis sin tháinig corraí ar an tíreolaí.

- Ach seo, tú féin, tháinig tú ó i bhfad i gcéin! Is taiscealaí tusa! Inseoidh tú dom fá dtaobh de do phláinéad féin!

Agus d'oscail an tíreolaí a leabhar mór agus chuir bior ar a pheann luaidhe. Mar is le peann luaidhe a bhreactar síos tuairiscí na dtaiscealaithe i dtús báire. Ní scríobhtar i ndúch iad go dtí go gcuireann an taiscealaí na cruthúnais ar fáil.

- Lean ort mar sin, a d'iarr an tíreolaí.

- Ó, arsa an prionsa beag, níl an baile s'agamsa róspéisiúil; tá sé an-bheag. Tá trí bholcán agam. Dhá bholcán atá beo, agus bolcán amháin atá marbh. Ach ní fios cad a tharlódh.

- Ní fios, arsa an tíreolaí.

- Tá bláth agam chomh maith.

- Ní áirimid na bláthanna, arsa an tíreolaí.

- Cad chuige sin? Nach iad is deise ar fad!

- Mar go bhfuil bláthanna gearrshaolach.

- Cad é is ciall le 'gearrshaolach'?

- Na leabhair thíreolais, a deir an tíreolaí, is iad na leabhair is luachmhaire dá bhfuil ann. Ní théann siad as faisean in am ar bith. Is annamh a fhágann sliabh a áit. Is annamh a chailleann an fharraige a cuid uisce. Rudaí buana a scríobhaimidne síos.

- Ach féadann bolcáin mharbha múscailt, arsa an prionsa beag, ag briseadh isteach air. Cad é is ciall le 'gearrshaolach'?

- Cé acu atá bolcáin marbh nó beo, is cuma dúinne, arsa an tíreolaí. Is é an sliabh is tábhachtach linne. Ní athraíonn sé.

- Ach cad é is ciall le 'gearrshaolach'? a deir an prionsa beag arís, nár chuir suas riamh do cheist ón uair amháin a bhí sí fiafraithe aige.

- Ciallaíonn sé "i bpríacal dul ar ceal go luath."

- Cinnte dearfa.

Tá mo bhláth gearrshaolach, a deir an prionsa beag leis féin, agus gan aici ach ceithre dhealg le í féin a chosaint ar an saol mór! Agus d'fhág mise ina haonar í sa bhaile!

Ba í sin an chéad iarracht d'aiféala a tháinig air. Ach ghlac sé misneach arís:

- Cad é a mholfá dom cuairt a thabhairt air? a d'fhiafraigh sé.

- An pláinéad Talamh, arsa an tíreolaí leis. Tá dea-cháil air...

Agus d'imigh an prionsa beag leis, ag machnamh ar a bhláth.

XVI

An seachtú pláinéad mar sin, is é an Talamh a bhí ann. Anois ní haon phláinéad coitianta é an Talamh céanna! Áirítear céad agus a haon déag de ríthe air (agus ríthe na hAfraice á gcur sa chuntas, ar ndóigh), seacht míle tíreolaí, naoi gcéad míle fear gnó, seacht milliún go leith de mheisceoirí, trí chéad agus aon mhilliún déag de dhaoine mórchúiseacha, is é sin le rá, amuigh agus istigh ar dhá mhíle milliún de dhaoine fásta.

Le tuairim a thabhairt daoibh d'ollmhéid an Talaimh, féadaim a rá libh go mb'éigean, sular fionnadh an leictreachas, slua de lucht lasta lampaí sráide a choinneáil ar bun a raibh ceithre chéad seasca a dó míle, cúig chéad agus a haon déag ar a líon.

B'iontach an radharc é ach bheith giota amach uaidh. Bhíodh an slua sin ag gluaiseacht agus é faoi stiúir mar a bheadh trúpa rincooirí ar stáitse. Bhíodh an chéad seal ag lucht lasta na lampaí sa Nua-Shéalainn agus san Astráil. Ansin nuair a bhí a gcuid lampaí lasta acu siúd, théadh siad a luí. Ina dhiaidh sin isteach sa damhsa ar a seal le lucht lasta na lampaí sa tSín agus sa tSibéir. Ansin chaolaíodh iad sin leo isteach sna cliatháin. Tar éis sin bhíodh a seal ag lucht lasta lampaí na Rúise agus na hIndia. Agus ansin seal na hAfraice agus na hEorpa. Ansin lucht Mheiriceá Theas. Ina ndiaidh siúd lucht Mheiriceá Thuaidh. Agus ní bhíodh bun cleite isteach ná barr cleite amach orthu agus iad ag teacht isteach ar an stáitse ina n-ord. Bhí sé fíorálainn.

Ní raibh ach beirt ann a raibh saol gan seift gan saothar acu, agus ba iad fear lasta an aon lampa amháin a bhí ag an Mhol Thuaidh, agus a leathchúpla ag aon lampa amháin a bhí ag an Mhol Theas. Ní raibh obair acusan ach dhá uair sa bhliain.



XVII

Nuair a bhíonn tú ar son grinn, is minic a insíonn tú bréigín beag. Ní raibh an fhírinne ar fad agamsa nuair a bhí mé ag caint fá dtaobh den lucht lasta lampaí. Tá an baol ann go gcuirfidh mé daoine amú nach bhfuil eolach ar an phláinéad seo againne. Ní

thógann an cine daonna mórán spáis ar fad ar an Talamh. An dá mhíle milliún duine atá ina gcónaí ann, dá mbeadh siad go léir ina seasamh dlúite lena chéile, mar a bheadh siad ag cruinniú, thoillfeadh siad gan stró i gcearnóg phoiblí a bheadh fiche míle ar fhad agus fiche míle ar leithead. D'fhéadfá an cine daonna go léir a chruachadh le chéile ar oileáinín beag ar bith de chuid an Aigéin Chiúin.

Na daoine fásta, ar ndóigh, ní chreidfidh siad thú. Síleann siad siúd go dtógann siad cuid mhór spáis. Dar leo féin, tá siad chomh toirtúil le crann baobab. Molaigí dóibh mar sin an cuntas a dhéanamh. Bíonn dúil mhór acu sna figiúirí; taitneoidh sé sin leo. Ach ná cuirigí bhur gcuid ama féin amú leis an sclábhaíocht sin. Níl gá leis. Tá muinín agaibh asamsa.

Agus an prionsa beag tagtha ar an Talamh, ba mhór an chúis iontais dó nach raibh duine ar bith le feiceáil. Bhí eagla ag teacht air go raibh sé ar an phláinéad contráilte, nuair a chorraigh lúb a raibh dath na gealaí air sa ghaineamh.

- Oíche mhaith, arsa an prionsa beag ar eagla na heagla.

- Oíche mhaith, arsa an nathair.

- Cén pláinéad a bhfuil mé tar éis tuirlingt air? a d'fhiafraigh an prionsa beag.

- Ar an Talamh, san Afraic, a d'fhreagair an nathair.

- Á!...an ea nach bhfuil duine ar bith ar an Talamh mar sin?

- Fásach atá ann anseo. Ní bhíonn duine ar bith sna fásaigh. Tá an Talamh leathan, a deir an nathair.

Shuigh an prionsa beag síos ar chloch agus d'amharc sé suas i dtreo na spéire:

- Níl a fhios agam, ar seisean, an bhfuil na réaltaí lasta suas ionas gur féidir le gach duine a cheann féin a aimsiú lá éigin. Breathnaigh mo phláinéad féin. Tá sé díreach os ár gcionn...Ach nach fada i gcéin uainn atá sé!

- Tá sé go hálainn, arsa an nathair. Cad é a thug anseo thú?



- Tá deacrachtaí agam le bláithín, arsa an prionsa beag.

- Á! a deir an nathair.

Agus thit a dtost orthu.

- Cá bhfuil na daoine? arsa an prionsa beag as a mhachnamh.
Bíonn sé beagán uaigneach san fhásach.

- Bíonn sé uaigneach i measc daoine fosta, arsa an nathair.

Bhreathnaigh an prionsa beag uirthi tamall fada:

- Is ait an t-ainmhí thú, a deir sé sa deireadh, chomh caol le mo mhéar...

- Ach is treise mé ná méar rí, arsa an nathair.

Tháinig draothadh gáire ar an phrionsa beag:

- Níl tú chomh láidir sin...Níl crúba fút fiú amháin...Ní thig leat taisteal fiú amháin...

- Tig liom thú a aistriú níos faide i gcéin ná mar a dhéanfadh long, arsa an nathair.

Chorn sé é féin thart ar an mhurnán ar an phrionsa beag, mar a bheadh bráisléad óir ann:

- An té a mbainim leis, fágann ar ais é sa chré as ar tháinig sé, ar seisean arís. Ach tá tusa íonghlan agus is ó réalta duit...

Níor thug an prionsa beag freagra ar bith air.

- Cuireann tú trua orm, tá tú chomh lag sin, agus tú ar an Talamh cadránta seo. Tig liom cabhrú leat lá éigin má bhíonn an iomarca cumha ort i ndiaidh do phláinéid féin. Tig liom...

- Ó, tuigim go maith thú, a deir an prionsa beag, ach cad chuige a mbíonn tú ag labhairt i ndubhfhocail i gcónaí.

- Tugaim réiteach orthu go léir, arsa an nathair.

Agus thit a dtost orthu arís.

XVIII


Thriall an prionsa beag ó cheann ceann an fhásaigh agus níor casadh air ach aon bhláth amháin. Bláth thrí bpiotal, bláithín beag bídeach gan aird.....

- Go mbeannaí Dia duit, arsa an prionsa beag.

- Dia agus Muire duit féin, arsa an bláithín.

- Cá bhfuil na daoine? a d'fhiafraigh an prionsa beag go béasach.

Bhí an bláth i ndiaidh carbhán a fheiceáil ag dul thart lá amháin:



- Na daoine? Tá, creidim, seisear nó seachtar acu ann. Fuair mé spléachadh orthu na blianta ó shin. Ach níl a fhios agam in am ar bith cá bhfuil fáil orthu. Siabann an ghaoth roimpi iad. Níl fréamhacha ar bith acu, agus is mór an bac orthu an méid sin.

- Slán agat, a deir an prionsa beag.

- Slán leat, a dúirt an bláth.

XIX

Chuaigh an prionsa beag suas go barr ar shliabh ard. Níorbh eol dó mar shléibhte go dú sin ach na trí bholtán dá chuid féin nár tháinig ach go glúin air. Agus ba ghnách leis an bolcán marbh a úsáid mar shaoisteog. "Ar mhullach sléibhe chomh hard leis an cheann seo," a dúirt sé leis féin, "beidh mé in ann an pláinéad go léir agus na daoine go léir a fheiceáil..." Ach ní raibh le feiceáil aige uaidh ach stacáin de charraigeacha agus bior orthu.

- Hóigh, ar seisean de scread ar eagla na heagla.

- Hóigh...Hóigh...Hóigh....a d'fhreagair an macalla.

- Cé thú féin? arsa an prionsa beag.

- Cé thú féin....Cé thú féin...Cé thú féin? a d'fhreagair an macalla.

- An mbeidh tú i do chara agam, tá mise i m'aonar, ar seisean.

- Tá mise i m'aonar...tá mise i m'aonar....tá mise i m'aonar...a d'fhreagair an macalla.

Nach aisteach an pláinéad é! a dúirt sé leis féin. Tá sé tirim ar fad, agus bioranta ar fad agus goirt ar fad. Agus tá easpa samhlaíochta ag na daoine ann. Níl de chaint acu ach an rud a deirtear leo a rá arís...Thiar sa bhaile bhí bláth agam: ise a bhaineadh ceann den chomhrá i gcónaí...



XX

Ach tharla ar deireadh, i ndiaidh bheith ag siúl dó trí dhumhcha gainimh, carraigeacha agus ráthanna sneachta, gur tháinig an prionsa beag ar bhóthar. Agus triallann na bóithre uilig ionsar dhaoine.

- Go mbeannaí Dia daoibh, ar seisean.

Gairdín a bhí ann, líonlán de rósanna.


- Dia agus Muire duit, a dúirt na rósanna.

D'amharc an prionsa beag orthu. Bhí siad go léir cosúil lena bhláithín féin.

- Cé sibhse? ar seisean leo, agus iontas an domhain air.

- Is rósanna sinn, a d'fhreagair na rósanna.

- Á, arsa an prionsa beag...



Agus tháinig míshásamh mór air. Dúirt an bláth leis nach raibh a macasamhail eile dá cineál sa chruinne. Agus féach, bhí siad cúig mhíle ann, iad go léir mar a chéile, san aon ghairdín amháin.

“Bheadh fearg cheart uirthi,” ar seisean leis féin, “dá bhfeicfeadh sí sin... Dhéanfadh sí casachtach mhilleanaigh agus ligfeadh sí uirthi go raibh an bás aici le himeacht ar an mhagadh. Agus chaithfinnse a ligean orm go raibh mé á balatracht, nó mura ndéanfainn é, ligfeadh sise í féin leis an bhbás, chun céim síos a bhaint asam...”

Ansin dúirt sé leis féin arís: “Mheas mé go raibh bláth agam mar shaibhreas nach raibh a leithéid eile ann, agus níl agam ach róisín coitianta. É sin agus mo thrí bholcán nach dtagann ach go glúin orm, agus a bhfuil ceann acu múchta marbh go deo, b'fhéidir, ní mór an prionsa a dhéanann an méid sin díom...” Agus luigh sé síos san fhéar agus chaoin sé uisce a chinn.

XXI

Is ag an phointe sin a tháinig an madra rua ar an láthair:

- Dia duit, arsa an madra rua.

- Dia agus Muire duit, arsa an prionsa beag go béasach. Thiontaigh sé thart agus ní raibh dada le feiceáil.

- Tá mé anseo, arsa an guth, faoin chrann úll...

- Cé thú féin? arsa an prionsa beag. Nach tú atá dóighiúil...

- Madra rua is ea mise, arsa an madra rua.

- Gabh anall agus bí ag súgradh liom, a d'farr an prionsa beag air. Tá mé dubhach gruama...

- Ní féidir liom dul ag súgradh leat, arsa an madra rua. Níl mé clóite.



- Cad é sin a deir tú? arsa an prionsa beag.

Ach chuimhnigh sé air féin agus dúirt sé arís:

- Cad is ciall le 'clóite'?

- Níl as an áit seo duitse, arsa an madra rua. Cad é atá á lorg agat?

- Tá mé ar lorg daoine, arsa an prionsa beag. Cad é is ciall le 'clóite'?

- Na daoine seo, arsa an madra rua, tá gunnaí acu agus bíonn siad ag seilg. Is mór an crá croí é! Agus coinníonn siad cearca fosta. Sin an rud is mó is spéis leo. An bhfuil cearca á lorg agat?

- Níl, arsa an prionsa beag. Cairde atá á lorg agam. Cad é is ciall le 'clóite'?

- Is rud é a ndéantar dearmad air rómhinic, arsa an madra rua. Is é is ciall leis "snaidhm a chur..."

- Snaidhm a chur?

- Cinnte, arsa an madra rua. Chomh fada agus a bhaineann liomsa, níl ionat go fóill ach gasúr beag ar aon dul le céad míle gasúr beag eile. Agus níl gá ar bith agam leat. Agus níl gá agatsa liomsa ach oiread. Dar leatsa nach bhfuil ionam ach madra rua ar aon dul le céad míle madra rua. Ach má dhéanann tú mise a chló, beidh gá againn lena chéile. Ní bheidh do leithéid eile ar domhan, dar liomsa. Ní bheidh mo leithéid eile ar domhan, dar leatsa...

- Tá tús tuigbheála agam, arsa an prionsa beag. Tá bláth ann...Creidim go bhfuil mé clóite aicise...

- Is féidir sin, arsa an madra rua. Feiceann tú gach aon sórt rudaí ar an Talamh...

- Ó, chan ar an Talamh atá sí, arsa an prionsa beag.


Tháinig cuma na fiosracha ar an mhadra rua:

- Ar phláinéad eile atá sí?

- Is ea.

- An bhfuil lucht seilge ar an phláinéad sin?

- Níl.



- Tá sin spéisiúil! Agus an bhfuil cearca ann?

- Níl.

- Níl rud ar bith foirfe, arsa an madra rua, ag ligean osna dó. Ach tharraing an madra rua an scéal anuas arís:

- Is liosta leadránach an saol atá agam. Bím sa tóir ar chearca, bíonn daoine sa tóir ormsa. Tá na cearca go léir cosúil lena chéile, agus tá na daoine go léir cosúil lena chéile. Tá mé cineál tuartha de. Ach má dhéanann tusa mé a chló, beidh mo shaol mar a bheadh sé lán gréine. Beidh fuaim coiscéime ar m'aithne atá difriúil ó gach coiscéim eile. Coiscéim dhaoine eile, cuireann siad siar ar ais faoin talamh mé. Ach do choiscéimse, glaofaidh sí orm amach as mo bhrocach, mar a bheadh fonn ceoil ann. Agus chomh maith leis sin féach! An bhfeiceann tú goirt an arbhair ansin thíos uait?

Ní ithimse arán. Níl maith ar bith sa chruithneacht domsa. Na goirt arbhair úd, ní thugann siad rud ar bith chun cuimhne

domsa. Agus is bocht an scéal é sin! Ach tusa, tá gruaig ar dhath an óir agat. Beidh sé iontach mar sin nuair a bheas mé clóite agat! An chruithneacht sin, atá ar dhath an óir, cuirfidh sí tusa i gcuimhne dom. Agus beidh dúil agam i bhfuaim na gaoithe sa chruithneacht...

Thit a thost ar an mhadra rua agus bhreathnaigh sé tamall fada ar an phrionsa beag:

- Más é do thoil é...déan mé a chló, ar seisean.

- Níor mhiste liom, arsa an prionsa beag, ach níl mórán ama agam. Ní mór dom cairde a aimsiú, agus aithne a chur ar a lán nithe.

- Ní chuireann tú aithne ach ar na nithe a chlónn tú, arsa an madra rua. Na daoine anois, níl an t-am acu níos mó aithne a chur ar aon ní. Ceannaíonn siad rudaí réamhdhéanta ó lucht díolta. Ach ó tharla nach bhfuil aon lucht díolta cairde ann, níl cairde



ar bith ag na daoine níos mó. Má tá cara de dhíth ort, déan mé a chló!

- Cad é is gá a dhéanamh? arsa an prionsa beag.

- Is gá foighid mhór a bheith agat, a d'fhreagair an madra rua. Suífidh tú síos ansin, giota maith uaim, san fhéar. Beidh mise ag faire ort as eireaball mo shúile agus ní déarfaidh tusa dada. Is cúis mhór míthuigbheála an chaint. Ach gach lá féadfaidh tú suí beagán níos cóngaraí dom...



■ An lá arna mhárach tháinig an prionsa beag ar ais.

■ - B'fhearr é dá bhfillfeá ag an am céanna, arsa an madra rua leis. Má thagann tú, mar shampla, ar a ceathair a chlog tráthnóna, beidh lúcháir ag teacht ormsa timpeall a trí a chlog. Dá fhaide a théann an t-am ar aghaidh, is ea is mó lúcháir a bheas orm. Le teacht an cheathair, beidh mé ag éirí corrach agus inníoch; beidh a fhios agam go bhfuil luach ar an lúcháir a chaithfear a íoc. Ach má thagann tú ag am ar bith is mian leat, ní bheidh a fhios agam cén uair le mo chroí a chur i gcóir... Theastódh deasghnáth.

■ - Cad is deasghnáth ann? arsa an prionsa beag.

■ - Sin rud eile a ligtear i ndearmad rómhinic, arsa an madra rua. Is é an rud é a dhéanann lá amháin difriúil ó laethanta eile, uain amháin ó uaineacha eile. Lucht mo sheilge, mar shampla, tá deasghnáth dá gcuid féin acu. Téann siad ag rince Déardaoin le cailíní an bhaile. Mar sin is lá iontach é an Déardaoin! Téim amach ag spaisteoireacht chomh fada leis an fhíriúin. Dá dtéadh an lucht seilge ag rince ar a rogha lá, bheadh na laethanta go léir ar aon dul le chéile, agus ní bheadh laethe saoire ar bith agamsa.

■ Mar sin, rinne an prionsa beag an madra rua a chló.

Agus nuair a bhí uair na himeachta buailte leo:

- Á, arsa an madra rua...Beidh mé ag caoineadh.

- Ort féin atá an locht, arsa an prionsa beag, ní raibh mírún ar bith agam duit, ach ní dhéanfadh rud ar bith thú ach go ndéanfainn thú a chló...

- Cinnte, arsa an madra rua.

■ - Ach beidh tú ag caoineadh! a deir an prionsa rua.

- Cinnte, arsa an madra rua.

■ - Mar sin ní fearrde thú é!

- Is fearrde, arsa an madra rua, is fearrde mé dath na cruithneachta.

■ Ansin dúirt sé fosta:

■ - Gabh ar ais agus amharc ar na rósanna. Tuigfidh tú nach

bhfuil an dara rós ar domhan mar do rós féin. Tiocfaidh tú ar ais le slán a fhágáil agam, agus bronnfaidh mé rún ort.

D'imigh an prionsa beag leis a dh'amharc ar na rósanna.

- Níl sibh cosúil ar chor ar bith le mo róisín féin, ní dada sibh go fóill. Níor chlóigh aon duine sibh, ná níor chlóigh sibhse aon duine. Tá sibh mar a bhí mo mhadra rua. Ní raibh ann ach madra rua ar aon dul le céad míle dá leithéid. Ach rinne mé cara de, agus anois níl a leithéid eile ann ar domhan.

Agus bhí na rósanna míhásta go leor.

- Tá sibh dathúil ach tá sibh folamh, ar seisean leo arís. Ní bhfaigheadh aon duine bás ar bhur son. Cinnte, mo róisín féin, mheasfadh an gnáthdhuine ag dul thart go bhfuil sí cosúil libh. Ach is tábhachtaí í inti féin ná sibhse go léir le chéile, as siocair gur léise a choinnigh mé uisce. As siocair gurb ise a chuir mé faoin chlogad gloine. As siocair gur dise a thug mé foscadh leis an scáthlán. As siocair gurb uirthise a mharaigh mé na cruimheanna (ach amháin a dó nó a trí de na feileacáin).

As siocair gur éist mé léi nuair a bhí sí ag gearán, nó ag déanamh gaisce, nó fiú amháin agus í ina tost. As siocair gurb í mo róisín féin í.

Agus tháinig sé ar ais chun an mhadra rua:

- Slán leat, ar seisean...

- Slán leat, arsa an madra rua. Seo é mo rún duit. Tá sé an-simplí: is leis an chroí is fearr a tímíd. Na rudaí is bunúsaí amuigh, ní féidir leis na súile iad a fheiceáil.

- Na rudaí is bunúsaí, ní fheiceann na súile iad, a dúirt an prionsa beag arís, lena choinneáil ina chuimhne.

- Is é an t-am a chaith tú le do rós a dhéanann do rós chomh tábhachtach sin.

- Is é an t-am a chaith mé le mo rós...a deir an prionsa beag go beo, lena choinneáil ina chuimhne.

- Tá dearmad déanta ag na daoine ar an fhírinne sin, a deir an

madra rua. Ach níor chóir duitse dearmad a dhéanamh air. Beidh tú freagrach i gcónaí as an rud atá clóite agat. Tá tú freagrach as do rós...

- Tá mé freagrach as mo rós...a dúirt an prionsa beag as an nua, lena choinneáil ina chuimhne.

XXII

- Go mbeannaí Dia duit, arsa an prionsa beag.

- Dia agus Muire duit féin, arsa fear na ladhróg iarnróid.

- Cad é atá ar siúl agat anseo? arsa an prionsa beag.

- Déanaim sortáil ar an lucht taistil, ina mbeartanna de mhíle duine an ceann, arsa fear na ladhróg. Seolaim na traenacha atá á n-iompar, seal ar deis, seal ar clé.

Leis sin d'imigh luastraein thart, a cuid fuinneog ar lasadh, búireach toirní aisti, ag fágáil cábán fhear na ladhróg ar crith.

- Tá fuadar mór fúthu, arsa an prionsa beag. Cad é atá á lorg acu?

- Fiú fear an innill féin, níl a fhios aige sin, arsa fear na ladhróg.

Agus d'imigh luastraein eile thart ina búireach, a cuid fuinneog ar lasadh.

- Tá siad fillte ar ais cheana féin? a d'fhiafraigh an prionsa beag....

- Níl hé sin an dream céanna, arsa fear na ladhróg. Sin traein an treo eile.

- An ea nach raibh siad sásta san áit a raibh siad?

- Ní bhítear sásta in am ar bith san áit a mbítear, arsa fear na ladhróg.

Agus seo thart ina búireach toirní le luastraein eile, a cuid

fuinneog ar lasadh.

- An bhfuil siad sa tóir ar an chéad dream? a d'fhiafraigh an prionsa beag.

- Níl siad sa tóir ar rud ar bith, arsa fear na ladhróg. Tá siad ina gcodladh istigh ansin, nó ag meánfach, b'fhéidir. Níl ach na páistí a bhfuil a ngaosán brúite ar na pánaí acu.

- Níl ach na páistí a thuigeann cad é atá á lorg acu, a deir an prionsa beag go beo. Caitheann siad a gcuid ama ag plé le bábóg éadaigh, agus is mór leo í dá bharr, agus má bhaintear díobh í, tagann na deora leo...


- Tá an t-ádh orthu, arsa fear na ladhróg.

XXIII

- Go mbeannaí Dia duit, arsa an prionsa beag.

- Dia agus Muire duit, arsa an trádálaí.

Trádálaí a bhí ann a raibh piollairí de chineál nua ar díol aige



a mhúchann an tart. Ligeann tú ceann amháin acu siar in aghaidh na seachtaine, agus ní bhíonn fonn ólta ort níos mó.

- Cad chuige a ndíolann tú sin? arsa an prionsa beag.

- Sábhálann sé cuid mhór ama, a deir an trádálaí. Rinne na saineolaithe é a oibriú amach. Sábháiltear trí bhomaite dhéag agus dhá scór gach seachtain.

- Agus cad é a dhéantar leis na trí bhomaite dhéag agus dhá scór?

- Cibé rud is mian le duine...

"Anois," arsa an prionsa beag leis féin, "dá mbeadh trí bhomaite dhéag agus dhá scór le caitheamh agamsa, rachainn ag triall go deas réidh ar fhuarán uisce..."

XXIV

Bhí an t-ochtú lá ann ó chlis an t-eitleán orm sa ghaineamhlach, agus bhí an braon deireanach den soláthar uisce ólta agam agus mé ag éisteacht le scéal an trádálaí:

- Á, arsa mise leis an phrionsa beag, is breá ar fad liom na cuimhní cinn seo agat, ach níl an t-eitleán deisithe agam go fóill, níl a dhath fágtha agam le hól, agus bheadh lúcháir an domhain ormsa fosta, dá bhféadfainn triall go deas réidh ionsar fhuarán uisce!

- Mo chara an madra rua, ar seisean liom....

- A thaisce, níl gar bheith ag caint ar an mhadra rua!

- Cad chuige sin?

- Mar go bhfuilimid ag dul bás a fháil leis an tart...Níor thuig sé cad chuige a bhí mé, ba é a d'fhreagair sé:

- Is mór an ní é cara bheith ag duine, fiú má táimid le bás a fháil.

Tá mise breá sásta go raibh madra rua mar chara agam....

Níl sé in ann an dainséar a thomhas, a deirim liom féin. Ní bhíonn ocras ná tart air in aon am. Ní bhíonn de dhíth air ach gealán beag gréine....

Ach d'amharc sé orm, agus thug sé freagra ar an smaoinemh a bhí i mo cheann:

- Tá tart ormsa fosta...téimis ar lorg tobair...

Bhí mé sáraithe agus shearr mé mo ghuaillí...tá sé amaideach a dhul ar lorg tobair, ag leanúint do shróine ar fud leithead an ghaineamhlaigh. Ach ina dhiaidh sin agus uilig, d'imigh muid linn.

Tar éis bheith ag siúl dúinn ar feadh uaire agus sinn inár dtost, thit an oíche, agus thosaigh na réaltaí ag lasadh sa spéir. Bhí mé ag breathnú orthu mar a bheadh brionglóid ann, óir bhí beagán fiabhrais orm le tréan tarta. An méid a dúirt an prionsa beag, bhí sé ag rince i mo cheann:

- Tá tart ortsa fosta mar sin? a d'fhiafraigh mé de.

Ach níor thug sé freagra ar mo cheist. Ní dúirt sé liom ach an méid seo:

- Féadann an t-uisce bheith go maith don chroí fosta...

Níor thuig mé an freagra sin aige ach d'fhan mé i mo thost....Bhí a fhios agam go maith nár cheart bheith ag fiafraí ceisteanna de.

Bhí sé tuirseach. Shuigh sé síos. Shuigh mé féin in aice leis. Agus tar éis tamaill, dúirt sé arís:

- Tá na réaltaí go hálainn de bharr bláth nach bhfuil le feiceáil...

D'fhreagair mise "cinnte" agus, gan focal a rá, choimhéad mé ar na roic sa ghaineamh faoi sholas na gealaí.

- Tá sé go hálainn, an gaineamhlach, ar seisean arís...

Agus bhí sin fíor. Is breá liom an gaineamhlach riamh. Suíonn tú fút ar dhumhach ghainimh. Níl rud ar bith le feiceáil. Níl rud ar bith le cluinstit. Agus ina dhiaidh sin tá rud éigin beo beathach

sa tost.....

- Is é is cúis leis an ghainemahlach bheith álainn, a deir an prionsa beag, go bhfuil tobar i bhfolach ann in áit éigin...

Chuir sé iontas orm go bhfaca mé go tobann an bhrí a bhí leis an bheatha dhiamhrach sin sa ghaineamh. Nuair a bhí mé i mo ghasúr beag, bhí mé i mo chónaí i seanteach ársa, agus má b'fhíor an scéal, bhí taisce i bhfolach ann. Ar ndóigh, níor éirigh le duine ar bith teacht air mar thaisce, ná níor thug siad faoi, b'fhéidir. Ach bhí an teach sin faoi gheasa aige. An teach sin agam, bhí rún i bhfolach ina chroí...

- Is ea, arsa mise leis an phrionsa beag, is cuma an teach, nó réaltaí, nó gaineamhlach, an rud is bun dá n-áilleacht, ní féidir é a fheiceáil!

- Is maith liom, a deir sé, go bhfuil tú ar aon intinn le mo mhadra rua.

Mar bhí codladh ar an phrionsa beag, thóg mé i mo bhaclainn é, agus bhuaill mé bóthar arís. Bhí tocht orm. Ba dhóigh liom gur taisce leochaileach a bhí ar iompar agam. Ba dhóigh liom fiú nach raibh rud ar bith ba leochailí ar domhan. Choimhéad mé, le solas na gealaí, an t-éadan bán a bhí air, na súile dúnta, dlaoithe a chuid gruaige á gcorraí ag an ghaoth, agus deirinn liom féin: An méid a tím ansin romham níl ann ach an choirt. An chuid is tábhachtaí de, tá sé dofheicthe...

Bhí a bhéilín ar leathoscailt agus mar a bheadh draothadh beag gáire air, agus dúirt mé liom féin: "An rud a fhágann tocht orm faoin phrionsa beag seo ina chodladh, is é a dhílseacht don bhláth sin aige é, an pictiúr sin de rós ag lonnú ann mar a bheadh lasair lampa, fiú agus é ina chodladh..."

Agus chonachtas dom é bheith níos leochailí arís. Ní foláir lampaí a chosaint: féadann séideán gaoithe iad a mhúchadh...

Agus, ag siúl liom mar sin dom, tháinig mé ar an tobar le breacadh an lae.

XXV

- Na daoine seo, arsa an prionsa beag, pulcann siad isteach i luastraenacha, ach níl a fhios acu níós mó cad atá á lorg acu. Mar sin bíonn siad ag síorbhogadaigh agus ag gabháil timpeall i ndiaidh a dtóna...

Agus ar seisean ina theannta sin:

- Ní fiú an tairbhe an trioblóid...

An tobar a raibh muid i ndiaidh teacht air, ní raibh sé cosúil le gnáth-thobar sa Sahára. Na toibreacha sa Sahára, níl iontu ach poill a tochlaíodh sa ghaineamh.

Bhí an ceann seo cosúil le tobar sráidbhaile. Ach ní raibh sráidbhaile ar bith le feiceáil, agus cheap mé gur ag brionglóideach a bhí mé.

- Tá sé an-ait, arsa mise leis an phrionsa beag, tá gach rud ar fáil: an ulóg, an stópa agus an téad...

Rinne sé gáire, fuair greim ar an téad, agus chuir an ulóg ar obair. Chuir an ulóg gíoscán aisti mar a dhéanann seanchoileach gaoithe nuair a bhíonn an ghaoth faoi chónaí le fada.


- Éist, arsa an prionsa beag, tá an tobar múscailte againn agus tá sé ag gabháil cheoil...

Níor mhaith liom go rachadh sé thar a acmhainn:

- Lig domsa, arsa mise leis, tá sé trom agat.

D'ardaigh mé an stópa go mall réidh go bruach. Shocraigh mé go daingean ansin é. Bhí mo chluasa lán go fóill le ceol na hulóige agus, san uisce, a raibh creathán ann i gcónaí, ba léir dom an ghrian ar crith.

- Tá tart orm i ndiaidh an uisce sin, arsa an prionsa beag, tabhair deoch dom...



Agus is ansin a thuig mé cad é a bhí á lorg aige! D'ardaigh mé an stópa chomh fada lena bhéal. D'ól sé, a shúile dúnta aige. Bhí an rud chomh haoibhinn le hoíche chinn féile. Ba mhó ar fad an t-uisce sin ná cothú coirp. Ba rud é a d'eascair as an turas faoi na réaltaí, as ceol na hulóige, as saothar mo dhá lámh. Rud ab ea é a dhéanfadh leas an chroí, ar nós féirín. Nuair a bhí mé i mo ghasúr beag, ba iad solas an chrann Nollag, ceol Aifreann an mheán oíche, aoibh ghealgháireach na ndaoine, ba iad sin ba chúis leis an loinnir a bhraith mé sa bhronntanas Nollag a bhí faighte agam.

- Muintir an domhain seo agat, arsa an prionsa beag, cuireann siad cúig mhíle rós ag fás san aon ghairdín amháin....agus níl fáil acu ar an rud atá á lorg acu...

- Níl fáil acu air, arsa mise leis...

- Agus ina dhiaidh sin, an rud atá á lorg acu, bheadh sé le fáil acu in aon rós amháin, nó i mbraon beag uisce...

- Cinnte dearfa, arsa mise.

Agus arsa an prionsa beag ina theannta sin:

- Ach tá na súile gan radharc. Ní mór a chuartú leis an chroí.

Bhí mo dhóthain ólta agam. Bhí tarraingt m'anála agam arís. Le breachadh an lae, bíonn dath na meala ag an ghaineamh. D'fhág an dath sin na meala aoibhneas orm fosta. Cén fáth mar sin a raibh mothú bróin orm...

- Caithfidh tú do ghealltanas a chomhlíonadh, a deir an prionsa beag liom go séimh. Bhí sé i ndiaidh suí síos in aice liom arís.

- Cén gealltanas é sin?

- Tá a fhios agat....mantóg fá choinne mo chaorach...tá mé freagrach as an bhláithín úd!

Tharraing mé mo chúpla iarracht líníochta amach as mo phóca. Fuair an prionsa beag amharc orthu agus dúirt sé, agus é ag gáire:

- Na crainn bhaobab sin agat, chuirfeadh siad ceirtlíní cáil i do cheann....

- Ó!

Agus mise chomh mórálach sin as mo chuid crann baobab!
- An madra rua sin agat....a chuid cluas...tá siad cineál cosúil le hadharca...agus tá siad rófhada!

Agus rinne sé gáire arís.

- Níl sé sin ceart ná cóir uait, a mhaicín, ní raibh mé in ann rud ar bith a líniú ach nathracha boa dúnta agus nathracha boa ar oscailt.

- Ó, déanfaidh sin gnóthaí, ar seisean.

Línigh mé mantóg mar sin. Agus chuaigh deann trí mo chroí nuair a thug mé dó í:

- Tá pleannanna agat nach ligfidh tú liom...

Ach níor thug sé freagra orm. Ar seisean liom:

- Tá a fhios agat, mé ag titim ar an Talamh, tharla sé bliain agus an lá inniu...

Ansin tar éis tamall ina thost dó, dúirt sé arís:

Tháinig mé anuas i ngar don áit seo...

Agus tháinig lasadh ina ghrua.

Agus mhothaigh mé arís, gan a thuigbheáil cén fáth, cineál de bhuaireamh aisteach. Ach d'éirigh ceist i m'intinn:

- Mar sin, ní de thaisme a bhí tú ag siúl ar an dóigh sin, an mhaidín ar casadh orm thú, tá seachtain ó shin, tú leat féin, míle ar shiúl ó aon chónaí daonna! Bhí tú ag filleadh ar an áit ar thit tú?

Dhearg an prionsa beag san aghaidh arís.

Agus dúirt mé fosta, idir dhá chomhairle:

- As siocair, b'fhéidir, go raibh an bhliain istigh?

Dhearg an prionsa beag san aghaidh arís. Ní thugadh sé freagra ar cheisteanna riamh ach, nuair a dheargann duine san aghaidh, ciallaíonn sin "is ea", an ea nach gciallaíonn?

- Á, arsa mise leis, tá eagla orm...

Ach d'fhreagair sé mé:

- Caithfidh tú dul a dh'obair anois. Caithfidh tú filleadh ar an eitleán sin agat. Fanfaidh mé leat anseo. Tar ar ais tráthnóna amárach...

Ach ní raibh mé ar mo shuaimhneas go fóill. Bhí mé ag cuimhneamh siar ar an mhadra rua. Tá an baol ann go mbeidh tú ag caoineadh beagán má lig tú do dhuine thú a chló...

XXVI

In aice leis an tobar bhí fothrach de sheanbhalla cloiche. Nuair a d'fhill mé ó mo chuid oibre tráthnóna an lá arna mhárach, cad é a d'fheicfinn anonn uaim ach mo phrionsa beag ina shuí in airde air, agus a dhá chois ar crochadh. Agus chuala mé é ag caint:

- Ní cuimhin leat é mar sin? a bhí sé ag rá. Ní anseo go díreach a bhí sé!

Caithfidh gur thug glór eile freagra air, mar dúirt sé ar ais:

- Cinnte dearfa, is é an lá ceart é, ach ní hí seo an áit...

Lean mé orm ag siúl i dtreo an bhalla. Ní raibh duine ná diúlach le feiceáil ná le cluintint go fóill. Dá ainneoin sin, d'fhreagair an prionsa beag arís:

...Cinnte. Tífidh tú an áit a dtosaíonn mo lorg sa ghaineamh. Níl le déanamh agat ach fanacht liom ansin. Beidh mé ann anocht.

Bhí mé faoi fhad scór slat den bhalla agus gan rud ar bith le feiceáil go fóill.

Dúirt an prionsa beag arís, tar éis tamaill ina thost:

- An bhfuil nimh mhaith agat? Tá tú cinnte nach mbeidh mé ag éileamh i bhfad?



Baineadh stad asam, mar a thiocfadh tocht ar mo chroí ach ní raibh tuigbheáil ar bith le fáil agam.

- Anois imigh leat, ar seisean...ba mhaith liom tuirlingt arís!

Leissin bhreathnaigh mise síos ag bun an bhalla, agus baineadh geit asam! Cad é a bhí ansin, ina colgsheasamh os comhair ar phrionsa bhig, ach ceann de na nathracha buí a d'fhágfadh maol marbh thú taobh istigh de leathbhomaite. Chuir mé chun reatha agus mé ag póirseáil i mo phóca ar lorg mo ghunnáin, ach leis an tormán a rinne mé, lig an nathair í féin síos go héasca sa ghaineamh, mar a bheadh scairdeán uisce ag titim siar, agus gan mórán deifre uirthi, chaolaigh sí léi idir na clocha agus gliúrascnach bheag léi.

Shroich mé chomh fada leis an bhalla díreach in am le mo phrionsa beag bocht a cheapadh i m'ucht, agus é chomh bán san aghaidh leis an sneachta.

- Cad é atá ar siúl anseo? An ag caint le nathracha nimhe atá tú anois?

Bhí mé i ndiaidh an muifléad óirbhuí úd a bhíodh air i gcónaí a scaoileadh. Bhí mé i ndiaidh a éadan a fhliuchadh agus deoch a thabhairt dó. Agus anois ní raibh sé d'uchtach agam a dhath eile a fhiafraí de. D'amharc sé go stuama aníos orm agus shnaidhm sé é féin ionam. Mhóthaigh mé a chroí ag preabadach mar a bheadh croí éinín a bheadh ag fáil bháis, tar éis a lámhach le gunna.

Ar seisean liom:

- Is maith liom go bhfuair tú an rud a bhí in easamh ar an eitleán. Beidh tú in ann filleadh abhaile...

- Cad é mar atá a fhios sin agat?

Bhí mé díreach ag teacht lena chur in iúl dó gur éirigh mo chuid oibre liom, d'ainneoin na n-ainneoin!

Níor thug sé freagra ar bith ar mo cheist, ach ar seisean arís:

- Mise fosta, tá mé ag filleadh abhaile...

Ansin, agus iarracht de lionn dubh air...

- Tá sé i bhfad níos faide i gcéin....i bhfad níos deacra...

Mhóthaigh mé go soiléir go raibh rud éigin as an ghnách ag tarlú. Bhí sé fáiscithe i m'ucht agam mar a bheadh páiste beag ann, agus san am céanna, chonacthas dom go raibh sé ag dul síos go tóin poill i nduibheagán gan mé bheith in ann a choinneáil ar bhealach ar bith...

Bhí amharc tromchúiseach ina shúile, mar a bheadh siad sáite i rud éigin an-fhada i gcéin.

- Tá do chaora agam. Agus tá an cófra agam fá choinne na caorach. Agus tá an mhantóg agam...

Rinne sé miongháire agus lionn dubh go fóill air.

D'fhan mé tamall fada. Mhóthaigh mé an teas ag teacht ar ais ann:

Cinnte go raibh eagla air! Ach rinne sé gáire beag ciúin.

- Is mó i bhfad an eagla a bheas orm anocht...

Mhóthaigh mé an leac oighir ar mo chroí arís mar bhraith mé nach raibh leigheas air mar scéal. Agus thuig mé nach bhféadfainn a sheasamh dá mba rud é nach gcluinfinn an gáire sin aige níos mó. B'ionann agam é agus tobar uisce i lár an ghaineamhlaigh.

- A ghasúirín, a thaisce, ba mhaith liom do gháire a chluinstin arís...

Ach dúirt sé liom:

- Tá sé bliain díreach agus an oíche anocht. Beidh an réalta s'agamsa díreach os cionn na háite ar thit mé anuraidh....

-Aghasúirín liom, an ea nach bhfuil ann ach drochbhrionglóid an scéal seo uilig faoin nathair nimhe agus faoin ionad coinne agus faoin réalta...

Ach níor thug sé freagra ar bith ar mo cheist. Ar seisean:

- Is é atá tábhachtach, an rud nach féidir a fheiceáil...

- Cinnte...

- Is ionann an cás leis an bhláithín. Má tá grá agat do bhláth atá thuas ansin ar réalta, is deas an rud é, le teacht na hoíche, bheith

AN PRIONSA BEAG

ag breathnú na spéire. Tá gach aon réalta ina bláth.

- Cinnte...

- Is ionann an cás leis an uisce. Nuair a thug tú an deoch dom, bhí sé mar a bheadh ceol ann, de thairbhe na hulóige agus an téid....an ea nach cuimhin leat....is é a bhí maith.

- Cinnte dearfa...

- Beidh tú ag amharc ar na réaltaí san oíche. Tá an ceann s'agamsa róbheag le taispeáint duit cá bhfuil sé. Is amhlaidh is fearr. An réalta s'agamsa beidh sí ansin i measc na réaltaí. Mar sin, taitneoidh sé leat bheith ag amharc ar na réaltaí go léir....Beidh siad go léir ina gcairde agat. Agus, ina theannta sin, tá mé ag dul bronntanas a thabhairt duit...

Rinne sé gáire arís.

- Och, a ghasúirín, a thaisce, is maith liom an gáire sin agat!

- Sin é go díreach mo bhronntanas...Beidh sé mar a bhí an t-uisce.....

- Cad é atá tú á rá?

- Tá réaltaí difriúla ag daoine seachas a chéile. Ag lucht taistil, is treoirithe iad. Dar le daoine eile, níl iontu ach soilse beaga. Dar le lucht léinn, fadhbanna atá iontu. Shíl an fear gnó úd gur ór a bhí iontu. Ach na réaltaí sin go léir, tá siad balbh. Beidh réaltaí agatsa nach bhfuil a macasamhail ag duine ar bith....

- Cad é atá tú á rá?

- Nuair a amharcann tusa ar an spéir san oíche beidh mise i mo chónaí i gceann acu, beidh mé ag gáire chugat i gceann acu. Mar sin de, beidh na réaltaí go léir ag gáire, dar leat. Réaltaí a bheas agatsa atá in ann gáire a dhéanamh!

Agus rinne seisean gáire arís.

- Nuair a imíonn an cian díot (imíonn an cian i gcónaí), beidh tú sásta gur chuir tú aithne orm. Beidh tú i do chara agam i gcónaí. Beidh fonn ort gáire a dhéanamh in éineacht liom. Agus osclóidh tú an fhuinneog uaireanta, mar sin díreach, ar mhaithe le

AN PRIONSA BEAG

pléisiúr....Agus beidh iontas ar do chairde tú a fheiceáil ag amharc suas sa spéir agus ag gáire. Agus déarfadh tú leo ansin: "Sea, cuireann na réaltaí ag gáire mé i gcónaí!" Agus sílfidh siad go bhfuil tú as do chiall. Beidh mé i ndiaidh bob ceart a bhualadh ort...

Agus rinne sé gáire arís.

- Beidh sé mar a bheinn tar éis na mollta de chloigíní beaga a thabhairt duit a bhfuil gáire acu, in ionad réaltaí...

Rinne sé gáire arís. Ansin thit a thost air as an nua.

- An oíche anocht....tá a fhios agat....ná bí ann.

- Níl mé ag dul tú a fhágáil.

- Beidh an chuma orm go bhfuil mé tinn...beidh an chuma orm mórán go bhfuil an bás orm. Sin an dóigh a mbeidh sé. Ná tar a dh'amharc air, ní fiú duit...

- Níl mé ag dul tú a fhágáil.

Ach bhí buaireamh air.

- Tá mé á rá sin leat...mar gheall ar an nathair nimhe. Seachain nach ngearrann sé thú...Tá dochar iontu, mar nathracha. D'fhéadfadh siad tú a ghearradh ar mhaithe le sult...

- Níl mé ag dul tú a fhágáil.

Ach chuir rud éigin a aigne chun suaimhnis:

- Is fíor nach bhfuil an nimh iontu don dara gearradh.

Ní fhaca mé é ag cur chun bóthair an oíche sin. D'éalaigh sé gan tormán ar bith. Nuair a d'éirigh liom teacht suas leis, bhí sé ag siúl de chéim ghasta agus fuadar faoi. Ní dúirt sé liom ach an méid seo:

-Á, tá, tú ansin...

Agus rug sé greim láimhe orm. Ach tháinig inní air arís.

- Níor cheart duit teacht. Beidh brón ort. Beidh an chuma orm go bhfuil mé marbh agus ní hamhlaidh a bheas...

Bhí mise i mo thost.

- An dtuigeann tú mé. Tá sé rófhada i gcéin. Ní thig liom an



corp seo a thabhairt liom. Tá sé róthrom.

Bhí mise i mo thost.

- Ach ní bheidh ann ach mar a bheadh seanchraiceann a caitheadh i leathaobh. Ní ábhar bróin iad na seanchraicne caite...

Bhí mise i mo thost.

Tháinig iarracht de bheaguchtach air. Ach thug sé faoi arís:

- Beidh sé go deas, tá a fhios agat. Beidh mise ag amharc ar na réaltaí chomh maith. Beidh na réaltaí go léir cosúil leis an tobar a raibh an ulóg mheirgeach ann. Beidh na réaltaí go léir ag doirteadh amach deoch uisce dom.

Bhí mise i mo thost.

- Is mór an chuideachta a bheas ann! Beidh cúig chéad milliún de thoibreacha agamsa...

Agus thit a thost airsean fosta, mar bhí sé ag caoineadh...



- Sin í an áit. Lig dom coiscéim a shiúil mé féin. Agus shuigh sé síos mar go raibh eagla air.

Ar seisean arís:

- An bhfuil a fhios agat...an bláithín sin agam tá sí chomh saonta sin. Níl aici ach ceithre dhealg bheaga gan rath lena cosaint ar an saol mór....

Shuigh mise síos fosta mar ní raibh mé in ann fanacht i mo sheasamh níos faide. Ar seisean:

- Sin é....Sin an méid....

Stad sé bomaite, agus ansin d'éirigh sé ina sheasamh. Thug sé céim chun tosaigh. Ní raibh mise in ann corraí. Níor tharla ach mar a bheadh splanc buí in aice lena mhurnán. D'fhan sé seal faiteadh súl gan bogadh. Níor chuir sé fuaim as. Thit sé go ciúin caoin mar a thiteann crann. Ní dhearna sé tormán ar bith fiú amháin, mar gheall ar an ghaineamh.

XXVII

Agus anois, ar ndóigh, tá sé sin sé bliana ó shin cheana féin...Níor inis mé an scéal sin riamh go dtí sin. Mo chomrádaithe, nuair a chonaic siad mé arís, bhí siad breá sásta mé a fheiceáil beo. Bhí mé go brónach ach deirinn leo: An tuirse is cúis leis...


Tá beagán den chian imithe díom anois. Is é sin...níl iomlán imithe. Ach tá a fhios agam go maith go bhfuil sé fillte ar an phláinéad sin aige, óir, nuair a gheal an lá, ní raibh mé in ann teacht ar a chorp. Ní raibh sé róthrom, mar chorp...Agus le coim na hoíche is maith liom éisteacht leis na réaltaí. Tá sé mar a bheadh cúig chéad milliún cloigíní ann...

Ach ansin, féach, tharla rud as an ghnách. An mhantóg a línigh mé don phrionsa beag, rinne mé dearmad an iall leathair a chur léi! Ní bheadh sé in ann í a cheangal ar an chaora go deo. Mar sin bím ag fiafraí díom féin... “Cad é a tharla ar an phláinéad sin aige? Tá seans maith gur ith an chaora an bláithín...”

Uaireanta deirim liom féin: “Cinnte, níor ith! Clúdaíonn an prionsa beag a bhláithín gach oíche lena chlogad gloine, agus coinníonn sé súil ghéar ar an chaora...” Ansin bím sona sásta. Agus bíonn na réaltaí go léir ag gáire chugam go ciúin.

Uaireanta deirim liom féin: “Déanfaidh duine dearmad de féin am amháin nó am eile, agus is leor sin! Rinne sé dearmad ar an chlogad gloine tráthnóna éigin, sin nó d’éalaigh an chaora amach i rith na hoíche gan tormán a dhéanamh...” Agus leis sin níl i gcloigíní na spéire níos mó ach deora caointe!....

Nach mór go deo an rúndiamhair é! Dar libhse atá i ngean ar an phrionsa beag fosta, agus dar liom féin, ní ionann do rud ar bith



AN PRIONSA BEAG

sa chruinne má tá caora áit éigin, áit nach eol dúinn, caora nach eol dúinn, caora atá i ndiaidh rós a ithe, b'fhéidir...

Amharcaigí ar an spéir. Fiafraigí díobh féin... Ar ith an chaora an bláithín? Ar ith, nó an ea nar ith? Agus tífidh sibh mar a thig athrú ar gach aon rud...

Agus níl duine fásta ar bith ann a thuigfeas go deo cad é chomh tábhachtach agus atá sé sin!



Is é sin thuas, dar liomsa, an dreach tíre is áille agus is brónaí ar domhan. Is é an dreach tíre céanna agus atá ar an leathanach roimhe, ach tá sé línithe uair amháin eile agam lena thaispeáint go maith díbh. Is anseo a nocht an prionsa beag, agus is anseo a cheiliúir sé.

AN PRIONSA BEAG

Breathnaigí an dreach tíre seo go cúramach, le bheith cinnte go n-aithneoidh sibh arís é, má bhíonn sibh ag taisteal lá éigin san Afraic, sa ghaineamhlach. Agus má tharlaíonn daoibh bheith an bealach sin, impím oraibh, ná bíodh deifir oraibh, fanaigí tamall díreach ansin faoin réalta! Ansin má thagann gasúr beag chugaibh, má tá sé ag gáire, má tá gruaig óirbhúí air, más é rud nach dtugann sé freagra oraibh nuair a chuireann sibh ceist air, tuigfidh sibh go maith cé atá agaibh. Agus, más é bhur dtoil é, ná fágai gí faoi chian mé: scríobhaigí chugam go tapa agus abraigí liom go bhfuil sé ar ais...